# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2014

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gnó

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2014

# SCÉIM MHARCÁLA

# GNÓ 2014

# ARDLEIBHÉAL

**Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála.**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil.
- **Ní** freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna nótaí tacaíochta.
- **Déantar pointí ábhartha breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronntar marcanna de réir a bhfiúntais.**
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – ARDLEIBHÉAL 2014**
**SCÉIM MHARCÁLA**

**ROINN 1**
**(80 marc)**

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt.**
**Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

| Ceist | Scéim | Marcanna |
|---|---|---|
| 1. | 6(3+3) + 4 (2 + 2) | 10 |
| 2. | 5 @ 2 | 10 |
| 3. | 6(3+3) +4(2+2) | 10 |
| 4. | 5 (3+2) + 5 (3 + 2) | 10 |
| 5. | (a) 4 (2+2)<br>(b) 6 (3(2+1)+3(2+1)) | 10 |
| 6. | 3+3+2+1+1 | 10 |
| 7. | (i) 4<br>(ii) 6(3+3) | 10 |
| 8. | 5 (3+2) + 5 (3 + 2) | 10 |
| 9. | 5 (3+2) + 5 (3 + 2) | 10 |
| 10. | (a) 2 (1+1)<br>(b) 3 (1+2)<br>(c) 2 (1+1)<br>(d) 3 (1+2) | 10 |
| **Roinn 1** | **Marcanna atá ar fáil** | **80** |

**ROINN 2**
**(80 marc)**

**Surfáil an Atlantaigh**

| **Ceist ar an nGnó Feidhmeach (Aonaid 1, 2, 3)**<br>**Ceist éigeantach í seo.** | | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Léirigh cad is ciall le bheith i d'fhiontraí agus tagairt agat do Shurfáil an Atlantaigh.<br><br>Pointe, teoiric, nasc.<br>(Nasc ábhartha ar leith do gach pointe) | 3mhíniúchán @ 7+7+6<br><br>2@7(3+1+3)<br>1@6(3+1+2) | 20 marc |
| **(B)** | Eilimintí de Dhlí na gConarthaí<br><br>Ainmnigh, teoirice, nasc.<br><br>(Nasc ábhartha ar leith do gach eilimint) | 4 eilimint<br>2@8(3+3+2)<br>2@7(3+2+2) | 30 marc |
| **(C)** | Éifeachtacht na gcóras rialaithe bainistíochta<br>Ainmnigh, teoirice, Nasc, Measúnú (Cáilíocht, Creidmheas, Stoc, Airgeadas)<br><br>(Nasc ábhartha ar leith do gach cineál rialaithe) | 3 theicníc/chóras rialaithe bainistíochta<br>3 @ 10 (3+4+2+1) | 30 marc |
| **R.2** | **Marcanna atá ar fáil** | | **80 marc** |

Agus freagraí á dtabhairt acu ar cheisteanna ar an CGF, **ní mór** d'iarrthóirí úsáid a bhaint as an eolas ábhartha/ teoirice (agus as an tuiscint) ábhartha a ghnóthaigh siad san ábhar agus staidéar á dhéanamh acu ar an gcúrsa, chomh maith leis na naisc ábhartha ón CGF.

I ndáil leis na naisc atá tugtha, **ní mór** dóibh a bheith ina n-athfhriotal / ina bhfrása / ina ráiteas díreach ábhartha ón CGF, a léiríonn go bhfuil tuiscint shoiléir ag na hiarrthóirí ar an bpointe nó ar na pointí teoirice a chuirtear i láthair. Tá naisc leithleacha riachtanach i ngach roinn. Ní bhronntar marc as aon nasc gan teoiric ábhartha.

**ROINN 3**

**(240 marc)**

**Cuid 1**

| **Daoine sa Ghnó<br>Ceist 1** | | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) **Trí** Thoisc a bhféadfadh díospóidí tionsclaíocha a bheith mar thoradh orthu<br><br>(ii) Dhá Shórt Gníomhaíocht Thionsclaíoch Oifigiúil | 3 @ 4 (2+2)<br><br>7(4+3) + 6(4+2) | 12<br><br>13 |
| **(B)** | Grúpa Sainleasa x 2 Ainmneacha/róil shonracha/modheolaíocht | 6(3+3)+6(3+3)+3 | 15 |
| **(C)** | Cearta tomhaltóirí faoin Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980 - **trí cinn** de na ceithre a thugtar | 7 (4(2+2)+3) + 7 (4+3) + 6 (4+2) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| **Timpeallacht Intíre<br>Ceist 2** | | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Deiseanna **agus** dúshláin a bhaineann le 'Príobháidiú'<br>(Tá ceann amháin ar a laghad do gach aon cheann ag teastáil) | 4 @ 5 (2+3) | 20 |
| **(B)** | Cúiseanna a bhféadfadh fiontraithe nua múnla gnó an tsaincheadúnais a roghnú. | 7 (4 + 3) + 7 (4 + 3) + 6 (4+2) | 20 |
| **(C)** | An ról atá ag an Údarás Forbartha Tionscail (IDA Ireland) **agus** ag Fiontraíocht Éireann | 2 @ 10 (4+3(1+2)+3(1+2)) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta<br>Ceist 3 | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Gnó Domhanda<br><br>(ii) An tionchar atá ag an 'domhandú' ar gheilleagar na hÉireann<br>(Samplaí ag teastáil anseo) | 4 (2+2)<br><br>2 @ 8 (3+3+2) +(3+3+2) | 20 |
| **(B)** | Próiseas Reachtaíochta an AE | 3 @ (1+3) +3+3+2 | 20 |
| **(C)** | An tionchar atá ag beartais an AE ar ghnóthais Éireannacha<br>(Ráiteas beartais an AE, tionchar)<br>(Measúnú ar **gach** beartas) | 2 @ (4 + 4) +(4 + 4)<br>(2 +2) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

**ROINN 3**
**Cuid 2**
**Fiontraíocht**

| **Bainistíocht Ceist 4** | | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Na feidhmeanna atá ag na cruinnithe éagsúla a bhíonn ag cuideachtaí teoranta<br>Cruinniú Ginearálta Bliantúil<br>2 chruinniú ar bith eile | 10(4+4+2)<br>6(4+2)+4(2+2) | 20 |
| **(B)** | Na buntáistí a bhaineann le forbairtí sa teicneolaíocht do chumarsáid ghnó<br>(4 phointe faisnéise ar leith) | 4 @ 5 (2+3) | 20 |
| **(C)** | Teoiric / Pirimid Maslow<br><br>Míniúchán ar an teoiric / ar an bpirimid /Conas a chuireann 3 Thoise Teo. teoiric Maslow i bhfeidhm maidir lena gcuid fostaithe | 5@4(1+2+1) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| **Bainistíocht Ceist 5** | | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Na céimeanna i bpróiseas éifeachtach 'earcú agus roghnú'<br><br>(2 phointe faisnéise i **ngach** cás) | Earcú Seachtrach (3 + 2)<br>Earcú Inmheánach (3 + 2)<br>Duineshonrú (3 + 2)<br>Jabthuairisc (3 + 2)<br>Agallamh le haghaidh Poist (3 + 2) | 25 |
| **(B)** | (i) Míniúchán ar an téarma 'Cóimheas Fiachais/Cothromais'.<br><br>(ii) Ríomh an Cóimheas Fiachais/Cothromais.<br><br>(iii) An tábhacht a bhaineann leis an gCóimheas Fiachais/ Cothromais | 4 (2+2)<br><br>10 marc<br>Foirmle 2<br>3 fhigiúr @ 2<br>Freagra 2<br><br>6 (3+3) | 20 |
| **(C)** | Faoi thearc-árachas agus iarmhairt fhéideartha **amháin**. | (4+4+4+3) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Bainistíocht / Gnó i nGníomh<br>Ceist 6 | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Jabtháirgeacht<br>(ii) **Dhá** dhúshlán a bhaineann leis an jabtháirgeacht<br>(iii) **Dhá** impleacht a bhaineann le hathrú ó jabtháirgeacht go próiseas táirgeachta de chineál eile. | 5<br>2 @ 5 (3 + 2)<br><br>Ainm na táirgeachta malartaí 2<br>2 @ 4 (2 +2) | 25 |
| **(B)** | **Thrí** thoisc agus measúnú a dhéanamh ar iarratas ar iasacht. | 3 @ 5 (2 + 3) | 15 |
| **(C)** | (i) Airgeadas gearrthéarma<br>(ii) Cur síos ar **dhá** fhoinse d'airgeadas ghearrthéarma<br>Ainmnigh, mínigh, tagairt d'úsáid Shorcha | 4<br><br>8 (4 + 3 + 1)<br>8 (4 + 3 + 1) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Gnó i nGníomh<br>Ceist 7 | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | An ról atá ag fógraíocht agus an tionscnamh (cur chun cinn) díolachán.<br>(**Dhá** phointe faisnéise ar leith móide tagairt shonrach do Bhianna Ciallmhara Teo. i **ngach** cás)<br>(Measúnú i n**gach** cás) | <br><br>2 @ 11 (4 +4+ 3)<br><br><br>3 (2 + 1) | 25 |
| **(B)** | (i) **Dhá** thoisc a chur san áireamh ag roghnú bealach oiriúnach chun táirgí a dháileadh<br>(ii) Impleacht dhearfach **amháin** agus impleacht dhiúltach **amháin** do Bhianna Ciallmhara Teo. as sraith ollmhargaí mór le rá a úsáid chun a gcuid táirgí a dhíol. | 2 @ 5 (2+ 2+1)<br><br>2 @ 5 (2 + 2+1) | 20 |
| **(C)** | **Trí** dhúshlán a bhíonn roimh ghnólachtaí nuathionscanta. | 3 @ 5 (2+3) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

**ROINN 1**

**(80 marc)**

**CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**

**(Nótaí Tacaíochta)**

<table>
<tr><th colspan="3">Ceist</th><th>Freagra Féideartha</th><th>Uasmharc</th></tr>
<tr><td>1</td><td></td><td></td><td>Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste do phobal áitiúil a bhaineann le gnó áitiúil:<br><br>Fostaíocht/poist - fostaíocht dhíreach sa phobal (sa ghnóthas é féin)<br>Seachghnóthais - fostaíocht i seachghnóthais amhail iompar, soláthraithe, seirbhísí glantóireachta, etc.<br>Ioncaim indiúscartha mhéadaithe arb iad is cúis le caighdeán maireachtála feabhsaithe, rud as a dtagann caiteachas méadaithe sa phobal áitiúil agus a dtugtar misneach do ghnóthais eile dá bharr.<br>Fás ar sheirbhísí áitiúla d'fhonn freastal ar riachtanais na ngnóthas áitiúil (seirbhísí tacsaí, bainc, comhair chreidmheasa, etc.). Féadann muintir na háite sa phobal leas a bhaint as na seirbhísí sin.<br>Spiorad pobail agus cáilíocht beatha. Feabhsaíonn gnó áitiúil rathúil an spiorad pobail agus an caidreamh sóisialta idir shaoránaigh.<br>Cánachas: Cuireann rátaí, cánacha agus táillí seirbhíse áitiúla le forbairt an bhonneagair áitiúil.<br>Cultúr na fiontraíochta - tugann sé misneach do ghnóthais bhreise forbairt a dhéanamh.</td><td>10</td></tr>
<tr><td>2</td><td></td><td></td><td>Is liosta de théarmaí gnó atá i gColún 1. Is liosta de mhíniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí gnó sin atá i gColún 2.<br>(Tá míniúchán amháin ann nach dtagraíonn d'aon cheann de na téarmaí)<br><br><table><tr><td>1.</td><td>2.</td><td>3.</td><td>4.</td><td>5.</td></tr><tr><td>B</td><td>F</td><td>D</td><td>A</td><td>C</td></tr></table></td><td>10</td></tr>
<tr><td>3</td><td></td><td></td><td>Tá sé mar sprioc ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO) <u>cosantas</u> a laghdú agus saorthrádáil a cheadú. Léirigh do thuiscint ar an téarma a bhfuil líne faoi.<br><br>Cosantas<br>Tagraíonn cosantas do bhacainní trádála a fhorchuireann rialtais.<br><br>Is ionann é agus gníomhartha agus beartais Rialtais a chuireann srian nó teorannú leis an trádáil idirnáisiúnta. Is féidir é a dhéanamh ar chúiseanna eacnamaíochta d'fhonn gnóthais agus poist dhúchasacha a chosaint ar iomaíocht eachtrach, nó ar chúiseanna polaitíochta, nó ar chúiseanna sláinte.<br><br>Áirítear le samplaí taraifí, cuótaí, bacainní riaracháin, trádbhaic.</td><td>10</td></tr>
</table>

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **4** | | | Tabhair breac-chuntas ar **dhá** cheart atá ag 'Ábhar Sonraí' faoi théarmaí na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003:<br>• **An ceart atá ag daoine aonair chun gan a bheith faoi réir cinnteoireacht uathoibrithe:** Cinntí tábhachtacha faoi Ábhar Sonraí, ar nós rátáil feidhmíocht oibre, creidiúnachta nó iontaofachta, ní fhéadfar iad a dhéanamh trí mheán uathoibrithe ríomhaire amháin, mura dtugtar toiliú leis sin / mura bhfuil ionchur daonna sna cinntí sin.<br>• **An ceart chun gearán a dhéanamh** leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí sa chás nach bhfuil roinnt rialaitheoirí sonraí ag cloí leis an Acht um Chosaint Sonraí.<br>• **An ceart rochtana ar chomhaid an duine féin:** An ceart chun cóip de na sonraí atá á gcoimeád ag an rialaitheoir Sonraí a fháil laistigh de dhaichead d'iarratas i scríbhinn.<br>• **An ceart chun iarraidh go gceartaítear aon earráidí:** Is féidir ceartú nó scriosadh a dhéanamh ar fhaisnéis mhíchruinn atá á coimeád ag an Rialaitheoir Sonraí faoi Ábhar Sonraí.<br>• **An ceart chun cúitimh:** más í faisnéis mhíchruinn atá á coimeád is cúis le fulaingt nó le caillteanas airgeadais e.g. diúltú iasachta nó ardú céime poist.<br>• **An ceart chun príobháideachta** faoi Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí agus maidir le Príobháideacht sa Teileachumarsáid le nach féidir do shonraí a úsáid chun críocha margaíocht dhíreach. | 10 |
| **5** | **a**<br><br><br><br><br><br><br>**b** | | Mínigh an téarma ***'ráta úis'*.**<br>Is é is ráta úis ann ná an **praghas** nach mór don iasachtaí a íoc le haghaidh úsáid an airgid/nó is é an **luach** as airgead a shábháiltear, agus é léirithe mar chéatadán. Is é ráta úis an **costas** ar airgead a fhaightear ar iasacht agus é léirithe mar % den mhéid a fhaightear ar iasacht / nó is é an **sochar** as airgead a shábháiltear thar thréimhse ama agus é léirithe mar % den mhéid a shábháiltear.<br><br>Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a bhféadfadh rátaí ísle úis dul i bhfeidhm ar ghnóthais Éireannacha ó thaobh na heacnamaíochta de:<br><br>Is féidir go dtiocfaidh méadú ar chaiteachas tomhaltóirí mar thoradh ar an bhfáil ar chreidmheas níos saoire ó institiúidí airgeadais, rud is cúis le méadú ar an éileamh ar tháirgí agus sheirbhísí gnó/méadú ar bhrabús gnó.<br><br>Tiocfaidh laghdú ar aisíocaíochtaí as iasachtaí agus ar fhónamh d'fhiachas, rud as a dtiocfaidh costais ghnó níos ísle. Is féidir go n-éireoidh an gnóthas níos iomaíche agus ba cheart go méadódh díolachán, easpórtálacha agus brabús.<br><br>Infheistíocht agus leathnú gnó mar thoradh ar iasachtaí níos saoire; cabhraíonn siad le gnóthais fás agus táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt, rud is cúis le méadú ar an bhfostaíocht. Barainneachtaí scála féideartha.<br><br>Tionchar ar choigilteas - ní spreagtar coigilteas nuair atá na rátaí an-íseal agus is féidir go spreagfaidh siad caiteachas tomhaltóirí a mbeidh brabús méadaithe gnó mar thoradh air. | 10 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 6 | | | I gcomhthéacs an ghnó, cad dó a seasann na litreacha seo a leanas?<br>Scríobh do fhreagra sna spásanna atá ar fáil.<br><br>**IDE (FDI)** – Infheistíocht Dhíreach Eachtrach<br>**BAD (HRM)** – Bainistíocht Acmhainní Daonna<br>**MSU (USC)** – Muirear Sóisialta Uilíoch<br>**BCE (ECB)** – An Banc Ceannais Eorpach<br>**CGC (CGT)** – Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | 10 |
| 7 | a<br><br>b | | Ainmnigh stíl cheannaireachta **amháin**. Uathlathach / Daonlathach / Laissez Faire<br><br>Léirigh conas a d'fhéadfadh bainisteoir a leanfadh an stíl cheannaireachta sin próiseas an athraithe sa ghnó a bhainistiú:<br>Cuirtear athrú i bhfeidhm trí imeagla a chur ar oibrithe chun glacadh leis an athrú e.g. iomarcaíochtaí a bhagairt etc.<br><br>Cuirtear athrú i bhfeidhm trí bhíthin próiseas comhairliúcháin le fostaithe e.g. cruinniú a thionól agus barúlacha agus tuairimí na foirne a phlé agus a iarraidh d'fhonn teacht ar chomhréiteach.<br><br>Is lú an bhaint atá aige le próiseas an athraithe agus glacann sé cur chuige "neamh-rannpháirteach". | 10 |
| 8 | | | Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais:<br><br><u>Seirbhís an Choimisinéara um Chearta.</u> Imscrúdaíonn siad díospóidí, cúiseanna gearáin agus éilimh a chuireann daoine aonair nó grúpaí beaga oibrithe ar aghaidh faoi reachtaíocht shonrach agus eisíonn siad torthaí a n-imscrúduithe i riocht cinntí nó moltaí neamhcheangailteacha.<br><br>Ní féidir le Coimisinéir um Chearta déileáil ach le díospóidí a bhaineann le dífhostú éagórach, le fionraí, le saoire mháithreachais agus le nósanna imeachta araíonachta na díospóidí.<br><br><u>Seirbhís Idir-réitigh.</u> Is é is idir-réiteach ann ná próiseas deonach ina gcomhaontaíonn na páirtithe i ndíospóid leas a bhaint as tríú páirtí atá neodrach agus neamhchlaonta chun cabhrú leo a n-easaontas a réiteach.<br><br>Cuireann an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais seirbhís idir-réitigh ar fáil trí Oifigigh Chaidrimh Thionsclaíoch an Choimisiúin a chur ar fáil le cathaoirleacht a dhéanamh ar 'chomhdhálacha idir-réitigh'.<br><br>Is le comhdhearcadh amháin a thagtar ar réitigh, bíodh sé mar thoradh ar idirbheartaíocht agus ar chomhaontuithe a éascaíodh idir na páirtithe iad féin, nó mar gur chomhaontaigh na páirtithe leis na téarmaí réitigh a mhol an t-oifigeach idir-réitigh. | 10 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **9** | | | Léirigh an difríocht idir ***'comhaontas straitéiseach'*** agus ***'táthcheangal'*** mar mhodhanna chun gnó a leathnú.<br>**Comhaontas straitéiseach**:<br>Comhaontaíonn dhá ghnólacht neamhspleácha nó níos mó comhoibriú le chéile agus acmhainní agus saineolas a chomhroinnt ar mhaithe le comhshochar gach páirtí lena mbaineann.<br>Tá na gnólachtaí fós go hiomlán neamhspleách ó thaobh an dlí de agus coimeádann gach gnólacht a chéannacht trádála féin.<br>Baineann na gnólachtaí tairbhe as roinnt acmhainní agus buanna, nach mbeadh rochtain acu orthu ar shlí eile. Is féidir le ceachtar páirtí deireadh a chur leis an socrú go héasca má roghnaíonn siad a leithéid a dhéanamh.<br><br>**Táthcheangal:**<br>Tarlaíonn sé seo nuair a cheannaíonn cuideachta amháin 51% nó níos mó de na scaireanna i gcuideachta eile, bíodh sé ar bhealach naimhdeach nó fabhrach. Faigheann an chuideachta fála rialú ar an gcuideachta eile. D'fhéadfadh an chuideachta eile a céannacht a chailleadh i ndiaidh na fála agus déantar cuid den chuideachta fála di. Is féidir le costas an táthcheangail bheith thar a bheith daor. | 10 |
| **10** | | | (see table below) | 10 |

| | ***Oibriú amach*** | ***Freagra*** |
|---|---|---|
| **(a)** | Díolacháin 60,000 x €5 | €300,000 |
| **(b)** | Costais sheasta €48,000 + (Costais athraitheacha €2 x €60,000) | €168,000 |
| **(c)** | €300,000 - €168,000 | €132,000 |
| **(d)** | *Foirmle mheá ar mheá*<br>$\frac{48{,}000}{5-2}$ | 16,000 aonad |

***Déantar pointí ábhartha breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronntar marcanna de réir a bhfiúntais.***

# ROINN 2
**(80 marc)**
**Ceist éigeantach í seo bunaithe ar na hAonaid 1, 2, agus 3**

## CEIST AR AN nGNÓ FEIDHMEACH
## (Nótaí Tacaíochta)

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **A** | | | Léirigh cad is ciall le bheith i d'fhiontraí agus tagairt agat do *Shurfáil an Atlantaigh.*<br><br>Is é atá i gceist le bheith i d'fhiontraí i Surfáil an Atlantaigh:<br><br>**Nuálach/Cruthaitheach**<br>Tá an cumas ag fiontraithe smaointe nua a cheapadh. Bíonn siad i gcónaí ar lorg smaointe nua agus bealaí nua a fheabhsaíonn gach a ndéanann siad. Taispeánann fiontraithe samhlaíocht, tionscnaíocht, seiftiúlacht agus ullmhacht chun tabhairt faoi thionscadail nua. Smaoiníonn siad as an nua le táirgí nua nó leaganacha nua de tháirgí atá ann cheana a fhorbairt.<br>**Naisc**<br>... "léigh sé alt sa "National Geographic" ag cur síos ar ardchaighdeán na tonnta ollmhóra a raibh lucht surfála ag teacht orthu"...<br><br>**Glacadóir rioscaí**<br>Is é atá i gceist le bheith i d'fhiontraí rioscaí pearsanta agus rioscaí airgeadais araon a ghlacadh chun smaoineamh gnó a shaothrú. Níl eagla ar fhiontraithe rathúla roimh rioscaí a ghlacadh. Glacadóirí rioscaí réadúla atá iontu.<br>**Nasc**<br>"D'úsáid sé (Shay) ... €30,000 a shábháil sé agus é ag obair san Astráil chun Surfáil an Atlantaigh a bhunú."<br><br>**Tionscnaíocht / Leas a bhaint as deis**<br>Thaispeáin Shay tionscnaíocht nuair a thug sé a thaithí/scileanna surfála go hÉirinn agus nuair a bhain sé leas as an gclú atá ag fás ar Éirinn as tonnta den scoth a bheith aici. Chonaic Shay go raibh deis sa spéis atá ag méadú i surfáil feadh chósta thiar na hÉireann.<br>**Nasc**<br>"Mar thoradh ar an spreagadh a fuair sé ón alt... chinn sé ar fhilleadh abhaile ón Astráil in 2008 chun *Surfáil an Atlantaigh* a bhunú." | 20 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Athléimneach/ Muiníneach**<br>Ní chuireann cliseadh lagmhisneach ar fhiontraithe. Tá braistint láidir féinmhuiníne agus creidimh ina smaointe gnó féin ag fiontraithe. Thaispeáin Shay go raibh muinín agus creideamh i Surfáil an Atlantaigh aige. Féachann sé ar chliseadh mar dheis foghlama. Cuid dhílis de bheith i d'fhiontraí is ea uaillmhian agus mian láidir rath a bheith ort nó éacht a dhéanamh.<br><br>**Nasc**<br>" Bhí Shay ar éis cúrsaí gnó a thriail roimhe sin ach theip air.' '... chinn sé ar fhilleadh abhaile ón Astráil in 2008 chun *Surfáil an Atlantaigh* a bhunú."<br><br>**Dírithe ar an todhchaí**<br>Tagairt don tábhacht a bhaineann le plean gnó...<br><br>**Nasc**<br>"D'ullmhaigh sé plean gnó agus fuair sé deontas tionscnaimh gnó €10,000 ó Bhord Fiontar Chontae Dhún na nGall."<br><br>**Braistint Réaltachta**<br>Breathnaíonn sé ar rudaí mar atá siad...<br><br>**Nasc**<br>"Thuig [Shay] gur ghá dó roinnt taighde margaidh a dhéanamh agus gur theastaigh cúnamh uaidh leis an bhfiontar seo."<br><br>**Líonrú / Buanna áititheacha**<br>Aithníonn fiontraithe an tábhacht a bhaineann le raon leathan teagmhálaithe a chuireann treoir agus tacaíocht ar fáil.<br>Ní mór d'fhiontraithe a bheith ábalta áitiú ar dhaoine eile ……..<br><br>**Nasc**<br>"Chuaigh Shay i dteagmháil le Cumann Surfála na hÉireann (ISA) agus fuair sé comhairle luachmhar maidir le reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta, maidir le conas líonrú agus maidir leis an tábhacht a bhaineann le bheith ar an nGréasán." | |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| B | | | **'**Ní mór **eilimintí riachtanacha áirithe** a bheith ann chun go mbeidh conradh in-fheidhmithe de réir dlí.'<br><br>Déan an ráiteas seo a phlé agus tagairt agat don fhoirgneamh a bheith ar cíos ag *Surfáil an Atlantaigh*.<br><br>**Tairiscint:** Gealltanas a thugann an duine a bhfuil an tairiscint á déanamh aige go mbeidh sé faoi cheangal ag an tairiscint ar choinníoll go nglactar le téarmaí na tairisceana. Is féidir an tairiscint a dhéanamh ó bhéal, i scríbhinn nó trí iompraíocht agus is aitheantas soiléir é seo de thoilteanas an tairgeora dul isteach i gcomhaontú faoi théarmaí sainithe.<br>**Nasc:**<br>"Chuir sé glaoch gutháin ar an tiarna talún agus mhol praghas €7,500 a bheadh níos réalaíche."<br><br>**Glacadh:** Ní mór gurb dó a bheith mar an gcéanna leis an tairiscint gan aon athruithe ná coinníollacha agus go gcuirtear in iúl don tairgí é sa tréimhse shainithe.<br><br>**Nasc:**<br>'Bhí lúcháir ar Shay nuair a dúirt an tiarna talún go ligfeadh sé leis é ar chíos €8,000 sa bhliain.'<br><br>**Comhaontú:** Le go mbeidh comhaontú ann, ní mór go mbeadh tairiscint shoiléir, iomlán agus neamhchoinníollach i dteannta ghlacadh na tairisceana sin ann.<br><br>**Dlíthiúlacht Foirme:** Le go meastar conarthaí áirithe a bheith dleathach, ní mór iad a dhréachtú ar bhealach ar leith. Ní mór roinnt conarthaí a bheith i scríbhinn má tá siad le bheith bailí de réir dlí. Áirítear leo sin - Polasaithe árachais - Comhaontuithe fruilcheannaigh - Díol réadmhaoine nó talún - Idirbhearta scaireanna - Creidmheas tomhaltais agus iasachtaí bainc.<br><br>**Nasc:**<br>"Svíníodh na doiciméid riachtanacha don chíos in oifig an aturnae."<br><br>**Comaoin:** Ní mór do gach páirtí i gconradh rud éigin a bhfuil luach aige a thabhairt don pháirtí eile. Ní mór rud éigin a bhfuil luach aige a mhalartú. Má tá comaoin ann, ní chruthóidh cúirt dlí amhras faoina leorgacht, ar choinníoll go bhfuil luach áirithe aici.<br>De ghnáth, is íocaíocht airgeadaíochta de chineál éigin í an chomaoin ach d'fhéadfadh sí a bheith ina ní luachmhar a mhalartaítear mar chuid den chonradh.<br><br>**Nasc:**<br>"Fuair Shay seilbh ar an bhfoirgneamh agus d'íoc sé na €8,000 leis an tiarna talún."<br><br>**Cumas conraithe**<br>Tá an ceart dlíthiúil ag gach duine nádúrtha (duine) agus ag gach eintiteas dlíthiúil/corparáideach, ar nós cuideachtaí, chun dul isteach i gconradh go héasca. De ghnáth, níl an cumas conraithe ag na daoine seo: | 30 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | | - Ógánaigh (iad siúd faoi bhun 18 mbliana d'aois) seachas i gcásanna áirithe e.g. riachtanais<br>- Daoine faoi thionchar an óil nó drugaí<br>- Daoine gealta<br>- Féimhigh<br>- Taidhleoirí.<br>- Cuideachtaí atá ag oibriú lasmuigh dá gcumhachtaí/'Ultra Vires'<br><br>**Nasc:**<br>"In Aibreán na bliana 2009, díreach sula raibh ocht mbliana fichead slánaithe aige..."<br><br>**Rún Conraithe**<br>Ní mór don dá pháirtí sa chonradh a bheith eolach go bhfuil siad ag dul isteach i gcomhaontú atá ina cheangal dlí lena bhféadfar iad a chur os comhair na cúirte mura gcomhlíonann siad a bpáirt féin sa chomhaontú. Maidir le socruithe teaghlaigh agus sóisialta, níl sé i gceist conradh atá ina cheangal dlí a chruthú.<br><br>**Nasc:**<br>"...chuaigh an dá pháirtí i mbun idirbheartaíochta ag iarraidh conradh dleathach a chur i gcrích."<br><br>**Dlíthiúlacht cuspóra.**<br>Ní mór do chonarthaí dlíthe na tíre a chomhlíonadh. Ní fhéadtar conarthaí a dhéanamh le haghaidh gníomhaíocht neamhdhleathach amhail smuigleáil nó calaois chánach a dhéanamh ar an stát.<br>**Nasc:**<br>"Agus é ag lorg eolais faoi shuímh réadmhaoine chonaic sé ionad oiriúnach miondíola." | |
| **C** | | | Déan measúnú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe bainistíochta atá i bhfeidhm ag *Surfáil an Atlantaigh*.<br><br>**Rialú Stoic**<br>Baineann Rialú Stoic leis na leibhéil is fearr de stoc a choimeád ionas nach mbíonn an iomarca stoic ná easpa stoic i Surfáil an Atlantaigh. Má dhéantar rialú éifeachtach stoic, beidh an leibhéal is fearr de stoic/stoic imleora agat i do ghnóthas chun freastal ar riachtanais do thomhaltóirí, le linn duit iad a choimeád chomh híseal agus is féidir.<br><br>Baintear éifeachtúlachtaí amach nuair a bhíonn na leibhéil is fearr de stoc agat de bharr go mbíonn an stoc ceart agat, san áit cheart, ag an tráth ceart chun freastal ar riachtanais táirgthe agus chun freastal ar éileamh tomhaltóirí.<br><br>Is féidir le rialú stoic éifeachtúlachtaí a bhaint amach trí na costais a bhaineann leis an iomarca stoic nó le heaspa stoic a bheith ann a dhíbirt, i.e. costais arda stórála agus riaracháin a thagann as an iomarca stoic a bheith ann agus stopadh táirgthe de dheasca easpa amhábhar agus comhpháirteanna le haghaidh táirgeadh chomh maith le horduithe díolacháin a cailleadh de dheasca easpa earraí críochnaithe a bheith ar díol. | 30 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Nasc**<br>"Cé go raibh sí an-sásta leis an láimhdeachas ard stoic i gcás na n-éadaí trá a raibh branda *Shurfáil an Atlantaigh* orthu......"<br>**NÓ**<br>"Bhí imní uirthi mar thaispeáin an stocáireamh bliantúil go raibh cuid mhaith den trealamh do shurfáil eitleoige gan díol fós."<br><br>**Measúnú ag teastáil anseo**<br><br>**Rialú Cáilíochta**<br>Baineann rialú cáilíochta le seiceáil / athbhreithniú / iniúchadh a dhéanamh ar obair a rinneadh lena chinntiú go mbaineann sí caighdeáin riachtanacha cháilíochta an ghnóthais amach. Féadann cigireachtaí fisiciúla, ciorcail cháilíochta, etc. a bheith i gceist leis.<br>D'fhéadfadh Surfáil an Atlantaigh, mar chuid de chóras rialaithe cáilíochta, siombail um rialú cáilíochta a bhaint amach ar nós dhámhachtain ISO 9000. D'fhéadfaí an tsiombail seo a aithint ar fud an domhain agus bheadh sí ina mórshochar do Shurfáil an Atlantaigh aidir lena chuid táirgí a chur ar an margadh go hidirnáisiúnta.<br><br>Is féidir éifeachtúlachtaí a bhaint amach sa ghnó trí rialú cáilíochta éifeachtach a dhéanamh de bharr go bhfuil na táirgí a bhaineann ardchaighdeán amach go seasta á ndíol, agus is éard a bhíonn mar thoradh air sin athcheannach, dílseacht tomhaltóra mar aon le bheith in ann praghsanna níos airde a ghearradh.<br><br>**Nasc:**<br>"Díolann an siopa earraí ardchaighdeáin mar chultacha uisce, tonnchláir, trealamh do shurfáil eitleoige agus éadach trá a bhfuil branda *Shurfáil an Atlantaigh* air."<br>**NÓ**<br>**Nasc:**<br>"Creideann Karen go bhfuil an-bhaint ag forbairt ardchaighdeáin leis an rath i gcúrsaí gnó agus tá súil aici iarratas a dhéanamh ar Theastas Ardchaighdeáin go luath."<br><br>**Measúnú ag teastáil anseo**<br><br>**Rialú Creidmheasa**<br>Ciallaíonn Rialú Creidmheasa rialú a dhéanamh ar mhéid an chreidmheasa a thugtar do chustaiméirí agus ar an tréimhse íocaíochta a thugtar do chustaiméirí. Cinntíonn dea-rialú creidmheasa go ndéantar íocaíochtaí ina n-iomláine agus in am. Is éard atá i gceist leis creidiúnacht custaiméirí a sheiceáil, teorainn chreidmheasa agus tréimhsí creidmheasa a shocrú agus cinneadh a dhéanamh ar phionóis as íocaíochtaí déanacha. Is é is aidhm dó drochfhiacha a íoslaghdú.<br><br>**Nasc**<br>"Bhí sé mar pholasaí ag Karen ón tús gan ach díolacháin ar airgead síos a dhéanamh le custaiméirí."<br><br>**Measúnú ag teastáil anseo** | |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Rialú Airgeadais / Rialú Buiséid**<br>Tá sé mar aidhm ag rialú airgeadais brabúsacht agus leachtacht fhoriomlán (acmhainneacht chun billí atá dlite a íoc) an ghnóthais a chinntiú. Is éard atá i gceist le rialú airgeadais buiséid Sreafa Airgid a ullmhú, anailís chóimheasa, agus bearta rialaithe costais a úsáid (e.g. fóntais, pá, etc.). Is féidir leo sin rabhadh luath faoi fhadhbanna féideartha airgeadais a chur ar fáil.<br>**Nasc**<br>"Chun cuidiú le sreabhadh an airgid, bheartaigh Karen an suíomh gréasáin a úsáid chun aird a tharraingt ar thairiscintí mar *6 cheacht surfála ar phraghas 5 cinn* ach íocaíocht a dhéanamh roimh ré."<br>**NÓ**<br>**Nasc**<br>"Shocraigh sí tréimhse chreidmheasa 30 lá..."<br><br>**Measúnú ag teastáil anseo** | |

***Déantar pointí ábhartha breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronntar marcanna de réir a bhfiúntais.***

## ROINN 3
**(240 marc)**

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Freagair ceist **amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

.

## (Nótaí Tacaíochta)
## Ní freagraí eiseamláireacha iad seo
## Cuid 1

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | A | i | Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc a bhféadfadh díospóidí tionsclaíocha sa ghnó a bheith mar thoradh orthu.<br><br><u>Díospóidí faoi phá</u><br>D'fhéadfadh oibrithe raon d'éilimh éagsúla phá a sheoladh, e.g. éileamh costas maireachtála, éileamh inchomparáideachta nó éileamh coibhneasachta. Más rud é go gcuireann an fostaí in aghaidh na n-éileamh pá sin nó go ndiúltaíonn sé dóibh, féadfaidh díospóidí tionsclaíocha teacht aníos. Le déanaí, bhí díospóidí i mBord Soláthair an Leictreachais (BSL) agus in Aer Lingus faoi chistí pinsean agus faoi theidlíochtaí pinsean.<br><br><u>Díospóidí faoi dhálaí oibre / faoi dhualgais</u><br>Bíonn oibrithe á spreagadh ag riachtanais éagsúla. Bunriachtanas d'fhostaithe is ea sábháilteacht. Féadann díospóidí tionsclaíocha teacht aníos sa chás go dteipeann ar an lucht bainistíochta dálaí sábháilte oibre, trealamh sábháilte, sláinteachas cuí agus téamh imleor a chur ar fáil.<br>Tá athruithe ar an uainchlár á n-iarraidh ag foireann cábáin Aer Lingus.<br><br><u>Iomarcaíocht</u><br>Féadann díospóidí faoi iomarcaíocht a bheith ann sa chás go bhfuil oibrithe den tuairim go bhfuil nósanna imeachta éagóracha le haghaidh roghnú á n-úsáid nó sa chás nach bhfuil na híocaíochtaí iomarcaíochta imleor e.g. is féidir gur mhian le fostóirí a roghnú cé na fostaithe a ndéanfar iomarcaíocht orthu ach gurbh fhearr le ceardchumann a dhéanann ionadaíocht do na fostaithe go n-úsáidfear córas LIFO ('is déanaí isteach is túisce amach').<br><br><u>Teicneolaíocht Nua</u><br>Féadfaidh oibrithe cur in aghaidh teicneolaíocht nua atá á tabhairt isteach má chreideann siad nár chuir an fostóir oiliúint oiriúnach nó luach saothair oiriúnach ar fáil as a dtáirgiúlacht mhéadaithe.<br><br><u>Idirdhealú</u><br>Difríochtaí i bpá agus i gcoinníollacha oibre idir grúpaí cosúla oibrithe.<br><br><u>Aitheantas Ceardchumainn dífhostú éagórach / ardú céime / sannadh post</u> | 25 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | **ii** | Déan plé ar **dhá** shórt gníomhaíocht thionsclaíoch oifigiúil atá ar fáil d'fhostaithe atá i mbun díospóid thionsclaíoch le fostóirí.<br><br>Stailc Oifigiúil nuair nach dtagann na fostaithe chuig a n-ionad oibre agus nach ndéanann siad a gcuid oibre. Tá rúnbhallóid, fógra ceart don fhostóir (i.e.fógra seachtaine) agus ceadú ICTU i gceist le stailc oifigiúil.<br><br>Obair de réir rialach nuair nach dtugann na fostaithe ach faoi na poist bheachta atá scríofa ina jabthuairisc nó ina gconradh fostaíochta. Ní thairgeann an fhoireann aon solúbthacht le riachtanais phráinneacha nó gan choinne a bhaint amach. Leanann na hoibrithe rialacha a gconarthaí fostaíochta le 'fuarlitir an dlí'.<br><br>Cosc ar ragobair nuair a dhiúltaíonn na hoibrithe aon ragobair a dhéanamh. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina bhunús le briseadh mór, rud is cúis le horduithe caillte agus le díolacháin chaillte, go háirithe le linn buaicamanna trádála, e.g. siopa bréagán um Nollaig, aerlíne le linn tréimhse saoire.<br><br>Stailc Chomharthach<br>Stopadh gairid oibre atá beartaithe chun a bhagairt go ndéanfar gníomhaíocht bhreise níos tromchúisí mura dtagtar ar chomhaontú. | |
| **1** | **B** | | Déan cur síos ar an ról atá ag aon **dá** 'Ghrúpa Sainleasa' i gcúrsaí gnó.<br>Is é is grúpa sainleasa ann ná eagraíocht lena léirítear an dearcadh coiteann agus na cuspóirí agus na spriocanna coiteanna a bhaineann le grúpa/páirtithe leasmhara faoi leith e.g. IBEC, ICTU, IFA, SIMI agus ISME etc.<br><br>Féachann grúpa sainleasa le tionchar a imirt ar chinntí agus ar bheartas a théann i gcion ar a bhaill trí ghníomhartha éagsúla, lena n-áirítear idirbheartaíocht, brústocaireacht, feachtais faisnéise, agóidí poiblí, baghcatáil agus b'fhéidir caingean dlí.<br><br>Is é brústocaireacht an iarracht de bhun tola chun dul i gcion ar an bpróiseas cinnteoireachta trí dhearcadh ar leith a chur chun cinn le rialtas nó le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa nó le heagraíochtaí eile. D'fhéadfadh go n-éireodh nó nach n-éireodh le grúpaí sainleasa na cuspóirí atá uathu a bhaint amach.<br><br>**Sampla:**<br>Déanann ICTU (Comhdháil na gCeardchumann) ionadaíocht d'fhormhór mór na gceardchumann in Éirinn.<br><br>• Ionadaíocht a dhéanamh do leas eacnamaíoch agus sóisialta na n-oibrithe agus dul chun cinn a dhéanamh air;<br>• Comhaontuithe náisiúnta a idirbheartú le rialtas agus le fostóirí, nuair a thugann comh-cheardchumainn agus ceardchumainn is baill údarás di déanamh amhlaidh;<br>• Prionsabail an cheardchumannachais a chur chun cinn trí fheachtais agus trí fhorbairt beartais. | 15 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | | • Faisnéis, comhairle agus oiliúint a chur ar fáil do cheardchumainn agus dá mbaill;<br>• Cabhrú le hagóidí idir ceardchumainn agus fostóirí a réiteach;<br>• Caidreamh idir ceardchumainn a rialáil agus breithiúnas a thabhairt ar agóidí idirchumainn.<br><br>**Sampla**:<br>Déanann IFA (Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann) ionadaíocht ghníomhach do 965 brainse agus 90,000 ball agus freastalaíonn siad go gníomhach orthu siúd. Thug IFA faoi dhian-bhrústocaireacht sa Bhruiséil le solúbthacht níos fearr a bhaint amach maidir le cuótaí bainne sula gcuirfear ar ceal iad in 2015.<br>Déanann IFA brústocaireacht ar rialtais náisiúnta le tús a chur le beartais a thacaíonn leis an bhfeirmeoireacht a dhéanfadh ioncam feirme a fheabhsú agus a chomhdhlúthú (díol treoirearraí caillteanais glasraí i líonta móra um Nollaig) etc.<br><br>**Sampla:**<br>IBEC (Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann). Déanann sí ionadaíocht d'fhostóirí ar chúrsaí caidrimh thionsclaíoch.<br>Déanann sí idirbheartaíocht le rialtas agus le ICTU maidir le comhaontuithe pá.<br>Cuireann sí comhairle ar bhaill faoi thionchar na reachtaíochta nua ón AE etc. | |
| **1** | **C** | | Tabhair breac-chuntas **ar na cearta dlíthiúla atá ag tomhaltóir** faoin *Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980* agus tagairt agat d'aon **trí** cinn díobh seo a leanas:<br><br>(i) Cáilíocht Inmhargaidh<br>(ii) Ráthaíochtaí<br>(iii) Comharthaí ag teorannú chearta an tomhaltóra<br>(iv) Earraí gan Iarraidh | 20 |
| | | **i** | **Cáilíocht Inmhargaidh**<br>Tá an tomhaltóir i dteideal earraí de cháilíocht inmhargaidh – ba chóir go mbeadh earraí de chaighdeán / cháilíocht réasúnta, agus an fheidhm mheasta agus an mharthanacht a bhaineann leo agus an praghas a íoctar á gcur san áireamh.<br>Peann €50 i gcomparáid le peann €1.<br>Mura bhfuil an t-earra de cháilíocht inmhargaidh, d'fhéadfadh an tomhaltóir aisíocaíocht, earra ionaid nó deisiú a iarraidh ag brath ar an gcineál lochta agus ar an achar ama. | |
| | | **ii** | **Ráthaíochtaí**<br>Breathnaítear ar ráthaíochtaí mar chosaint bhreise a thugtar don tomhaltóir agus ní thig leo teorainn a chur le cearta an tomhaltóra faoi dhlíthe na dtomhaltóirí. Ní mór don ráthaíocht na hearraí a chlúdaítear, an tréimhse atá i gceist agus an nós imeachta chun éilimh a dhéanamh a léiriú go soiléir. Is féidir leis an tomhaltóir a roghnú go ndeisíonn an déantúsóir na hearraí nó is féidir leis a éileamh go ndéileálann an miondíoltóir leis an ngearán. Is idir an díoltóir agus an ceannaitheoir atá an conradh. | |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | iii | **Comharthaí ag teorannú chearta an tomhaltóra**<br>Ní féidir le comharthaí amhail 'Nótaí Sochair Amháin', 'Aisíocaíochtaí Airgid ar Bith', 'Malartú ar Bith', etc. cearta an tomhaltóra a bhaint ná teorainn a chur leo faoin Acht.<br>Tá na comharthaí sin neamhdhleathach agus ní dhéanann siad difear do chearta reachtúla an tomhaltóra. Ní aisíocaíocht é nóta sochair de bharr go gceanglaítear ort an t-airgead a chaitheamh sa siopa sin.<br>Is cion é don mhiondíoltóir comharthaí a thaispeáint lena dtugtar le fios don tomhaltóir nach bhfuil aon chearta dlíthiúla aige. | |
| | | iv | **Earraí gan Iarraidh**<br>Earraí iad seo a chuirtear chuig duine éigin cé nach bhfuarthas ordú uaidh. Beidh an ceart aige na hearraí a choinneáil gan íocaíocht tar éis tríocha lá má chuir an tomhaltóir fógra i scríbhinn chuig an seoltóir agus má chuir sé áit bhailithe lena n-aghaidh in iúl dó. Beidh an ceart aige na hearraí a choinneáil tar éis sé mhí murar bhailigh an seoltóir iad agus murar chuir an tomhaltóir cosc ar an ngnólacht iad a bhailiú. | |
| **2** | **A** | | Tabhair breac-chuntas ar na deiseanna **agus** ar na dúshláin atá ann do gheilleagar na hÉireann fiontair atá faoi úinéireacht an stáit a phríobháidiú**.**<br><br>Áirítear iad seo a leanas le freagraí samplacha:<br><br>Tá ceann amháin ar a laghad de gach ceann ag teastáil le go mbronnfar iomlán na marcanna.<br><br>**<u>Deiseanna</u>**<br>Cruthaíonn an príobháidiú ioncam a bhfuil géarghá leis do gheilleagar na hÉireann. Chomh maith leis sin, tá brú á chur ag an Troika ar an rialtas sócmhainní a dhíol chun airgeadas a ghnóthú agus chun ár bhfiachas náisiúnta a ísliú.<br>Rinneadh Bord Telecom Éireann cpt, arb é Eircom (Grúpa Eircom cpt anois) an liostú atá aige ar Stocmhalartán na hÉireann, a phríobháidiú sa bhliain 1999. Is féidir an t-ioncam a ghintear a úsáid chun bonneagar a fhorbairt agus an fiachas náisiúnta a aisíoc, nithe atá tairbhiúil do ghníomhaíocht gheilleagrach.<br><br>Laghdaítear ceangaltais airgeadais an Rialtais nuair a dhéantar fiontar stáit neamhbhrabúsach a phríobháidiú. Ina theannta sin, baineadh saincheisteanna caidrimh thionsclaíoch ó shainchúram an rialtais leis an bpríobháidiú.<br><br>Féadann cuideachtaí príobháidithe scaireanna a dhíol. Méadaíonn sé an fháil atá acu ar chaipiteal. Cabhraíonn sé sin le cuideachtaí fás agus leathnú, agus cruthaítear saibhreas agus fostaíocht don gheilleagar dá bharr. Inspreagadh príomha don Rialtas nuair a dhíol sé Aer Lingus in 2006 ba ea rochtain ar chaipiteal d'fhonn leathnú loingeas gearraistir agus fadaistir Aer Lingus a mhaoiniú.<br><br>Is é an príobháidiú is cúis le tuilleadh iomaíochta / éifeachtúlachta a bhféadfadh an tomhaltóir leas a bhaint as ó thaobh cáilíochta agus praghais de. Tá ról suntasach imeartha ag tuilleadh iomaíochta in acmhainn mhéadaithe leathanbhanda a sholáthar i margadh na hÉireann agus i dtáillí níos saoire aeir do thomhaltóirí Éireannacha a sholáthar (príobháidiú Eircom agus Aer Lingus). | 20 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | | Áirítear iad seo a leanas le freagraí samplacha:<br>**<u>Dúshláin</u>**<br>Feidhmíonn agus maireann cuideachtaí príobháidithe mar thoradh ar spreagthacht an bhrabúis. Níl clár oibre sóisialta acu agus ní chuirfidh siad seirbhísí ar fáil i réimsí atá ag cailleadh airgid. e.g. Dá ndéanfaí Bus Éireann a phríobháidiú, maítear go gcuirfí deireadh le bealaí i gceantair thuaithe agus iargúlta, rud a dhéanfadh dochar d'inbhuanaitheacht gheilleagrach na gceantar sin ('Bus Éireann, 25 bliain ag croílár do phobail').<br><br>D'fhéadfadh go laghdódh cuid mhór cuideachtaí príobháidithe an líon foirne atá acu ar mhaithe lena gcostais a chuíchóiriú agus ar mhaithe le héifeachtúlachtaí a bhaint amach. Rinne Aer Lingus agus Eircom amhlaidh. Cruthaíonn dífhostaíocht méadú ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh do Gheilleagar na hÉireann.<br><br>Caillteanas sócmhainn stáit: D'fhéadfadh go gcaillfeadh an rialtas smacht ar shócmhainní straitéiseacha stáit agus iad faoi úinéireacht daoine aonair príobháideacha. Bíonn an méid sin á phlé sna díospóireachtaí faoina bhfuil i ndán do Bhord Gáis, do Choillte agus do Bhord na Móna. | |
| **2** | **B** | | Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna a bhféadfadh duine a bheadh ag iarraidh gnó a oscailt, múnla gnó an tsaincheadúnais a roghnú.<br><br>Áirítear iad seo a leanas le freagraí samplacha:<br><br>**Bíonn baol níos lú ann go dteipfidh ar an ngnó:** Tugann saincheadúnú deis do dhuine atá ag iarraidh gnó a oscailt múnla gnó atá cruthaithe agus seanbhunaithe a mhacasamhlú. Íocann an saincheadúnaí (an duine atá ag bunú an ghnó) an saincheadúnóir (an gnó reatha) as an gceart chun ainm trádála agus córas gnó an tsaincheadúnóra a úsáid. Bíonn ainm an ghnó ar eolas go forleathan. Dá bhrí sin, baineann riosca íseal leis an ngnó.<br><br>**Barainneachtaí scála:** Baineann an saincheadúnaí nua tairbhe as barainneachtaí scála atá ginte ag an saincheadúnóir. Déantar bulclascainí atá gnóthaithe ag an saincheadúnóir mar thoradh ar bhulc-cheannachán a chur ar aghaidh chuig saincheadúnaithe aonair, rud a chuireann ar a gcumas praghsanna níos ísle a ghearradh agus brabús níos airde a ghiniúint.<br><br>Cuireann an saincheadúnóir **oiliúint agus tacaíocht leanúnach** ar fáil nuair a bhíonn an gnó á bhunú agus á fhorbairt. D'fhéadfadh go n-íocfadh an saincheadúnóir as feachtas fógraíochta náisiúnta agus go gcuirfeadh sé straitéis margaíochta le chéile don saincheadúnaí. Is é an saincheadúnóir a fhorbraíonn táirgí nua, cabhróidh comhairle maidir le gnó a thionscnamh agus cláir oiliúna le fiontraithe nua agus iad i mbun gnó.<br>**Bíonn bainc níos toilteanaí airgead a thabhairt ar iasacht.**<br>Bíonn rátaí teipe i bhfad níos ísle i gcás saincheadúnas ná mar a bhíonn i gcás gnóthais neamhspleácha nua. Mar thoradh air sin, bíonn bainc níos toilteanaí airgead a thabhairt ar iasacht.<br><br>Déantar feachtais mhargaíochta ar bhonn náisiúnta……….etc. | 20 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **2** | **C** | | Déan plé ar an ról atá ag an Údarás Forbartha Tionscail (IDA Ireland) **agus** ag Fiontraíocht Éireann i bhforbairt gheilleagar na hÉireann faoi láthair.<br><br>**An tÚdarás Forbartha Tionscail (IDA Ireland)**<br><br>Áirítear iad seo a leanas le freagraí samplacha:<br><br>**Ní mór an chéad phointe thíos a bheith sa fhreagra.**<br><br>Tá an tÚdarás Forbartha Tionscail freagrach as **infheistíocht dhíreach eachtrach** in Éirinn a mhealladh agus a fhorbairt. D'idirghníomhaigh cuideachtaí ar nós Google, Intel, Microsoft agus Facebook, etc. leis an Údarás Forbartha Tionscail san am atá thart.<br><br>Cuireann an tÚdarás Forbartha Tionscail faisnéis agus staitisticí ar fáil maidir le príomhearnálacha gnó agus maidir le príomhláithreacha gnó in Éirinn.<br><br>Cabhraíonn an tÚdarás Forbartha Tionscail le gnó a bhunú in Éirinn agus cuireann sé comhairle ar infheisteoirí idirnáisiúnta maidir le réitigh réadmhaoine.<br><br>Tugann an tÚdarás Forbartha Tionscail tús eolais d'infheisteoirí féideartha ar na grúpaí seo a leanas agus cuireann sé iad in aithne dóibh: an tionscal áitiúil, an rialtas, soláthraithe seirbhíse agus institiúidí taighde.<br><br>Forbraíonn an tÚdarás Forbartha Tionscail naisc idir gnóthais idirnáisiúnta agus an t-oideachas tríú leibhéal, ionaid acadúla agus ionaid taighde chun a chinntiú go bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí taighde agus forbartha is gá i bhfeidhm.<br><br>Forbraíonn an tÚdarás Forbartha Tionscail braislí sármhaitheasa / cothromaíocht chóir réigiúnach.<br><br>**Fiontraíocht Éireann**<br><br>**Ní mór an chéad phointe thíos a bheith sa fhreagra.**<br><br>Is ar Fhiontraíocht Éireann atá an fhreagracht as **tionscal dúchasach Éireannach a fhorbairt agus béim ar easpórtáil ag gabháil leis**. Díríonn sí ar chúnamh a thabhairt do ghnóthais faoi úinéireacht Éireannach a bhfuil deichniúr fostaithe nó níos mó acu díolacháin nua easpórtálacha a bhaint amach. Réimse amháin dá dtugann Fiontraíocht Éireann tacaíocht is ea earnáil bogearraí na hÉireann.<br><br>Soláthraíonn Fiontraíocht Éireann tacaí do chuideachtaí agus do thaighdeoirí araon in Institiúidí Ard-Oideachais chun gur féidir leo forbairt a dhéanamh ar theicneolaíochtaí agus ar phróisis nua as a gcruthófar poist agus as a méadófar easpórtálacha.<br><br>Soláthraíonn Fiontraíocht Éireann maoiniú agus tacaí do chuideachtaí – ó fhiontraithe a bhfuil tairiscintí gnó acu le haghaidh gnólacht nuathionscanta ardacmhainne go cuideachtaí móra atá ag leathnú a gcuid gníomhaíochtaí agus ag méadú a ndíolachán idirnáisiúnta. Soláthraíonn sí infheistíocht chothromais don lucht gnó.<br><br>Tá oifigí idirnáisiúnta ag Fiontraíocht Éireann agus is féidir leo cabhrú le heaspórtálacha a mhéadú trí sheirbhísí margaíochta / naisc a chur ar fáil agus gnóthais a chur in aithne do chustaiméirí féideartha thar lear.<br><br>Soláthraíonn Fiontraíocht Éireann clár ina gcuimsítear misin trádála, aontaí trádála agus imeachtaí eolais d'fhonn deis a thabhairt do chliaint nascadh le custaiméirí reatha agus le custaiméirí nua, díolacháin a mhéadú i margaí idirnáisiúnta agus smaointe a mhalartú. | 20 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **3** | **A** | **i** | Mínigh an téarma 'gnó domhanda'.<br>Féachann gnó domhanda ar an domhan mar a bheadh margadh agus láthair tháirgeachta ollmhór amháin ann. Cuireann gnólacht domhanda an táirge ceannann céanna ar fáil ar fud an domhain. Baineann sé úsáid as straitéis margaíochta dhomhanda, rud lena ngabhann an meascán margaíochta céanna nó meascán margaíochta oiriúnaithe (táirge, praghas, áit, cur chun cinn) ar fud an domhain chun branda domhanda a fhorbairt.<br><br>I measc samplaí de ghnóthais dhomhanda, tá: Coca Cola, Dell, Nike, Toyota, Microsoft, Intel, HP, Google, Nokia. | 20 |
| | | **ii** | Déan plé ar an tionchar atá ag an 'domhandú' ar gheilleagar na hÉireann. Tabhair samplaí chun do fhreagra a léiriú.<br><br>D'fhéadfadh go n-áireofaí iad seo a leanas i bhfreagraí samplacha<br><br>Is féidir féachaint ar dhomhandú mar dheis do ghnóthais Éireannacha earraí agus seirbhísí a dhíol thar lear agus a gcuid oibríochtaí a mhéadú agus a leathnú. Is féidir le cuideachtaí rochtain a fháil ar mhargaí atá i bhfad níos leithe e.g. Grúpa Chiarraí agus GlanBia cpt, rud a chruthaíonn fás geilleagrach do gheilleagar na hÉireann.<br><br>Téann domhandú i bhfeidhm ar an margadh saothair laistigh de gheilleagar na hÉireann. Tar éis di glan-eisimirce a fhulaingt le blianta fada, tá inimirce shuntasach ag Éirinn anois de réir mar a lonnaíonn cuideachtaí domhanda iad féin anseo ar mhaithe le folúntais óna dteastaíonn ardscileanna a líonadh. Mar shampla, in earnáil na teicneolaíochta, áit a bhfuil ganntanas scileanna.<br><br>Foinse shuntasach fostaíochta is ea cuideachtaí domhanda atá lonnaithe in Éirinn. Meastar go bhfuil 115,000 duine fostaithe go díreach ag cuideachtaí domhanda Meiriceánacha amháin.<br>Tá rannchuidiú suntasach déanta ag cuideachtaí ar nós Dell, Microsoft, Google, Hibernian Aviva, Palm Inc., Facebook agus Intel maidir leis an rath atá ar gheilleagar na hÉireann.<br>Bíonn rogha táirgí níos leithne ag tomhaltóirí agus faigheann siad an táirge a bhíonn uathu ar phraghsanna níos iomaíche. Méadú ar éileamh intíre, rud a chruthaíonn fás geilleagrach i ngeilleagar na hÉireann.<br><br>Dúshlán iomaíoch do lucht easpórtála na hÉireann is ea an fás i ndomhandú agus i ngnólachtaí domhanda a dhéanann a n-earraí d'ardchaighdeán a tháirgeadh ar phraghsanna saora. Beidh ar ghnólachtaí easpórtála na hÉireann éirí níos éifeachtúla agus infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus forbairt d'fhonn táirgí a sholáthar ag a bhfuil gné uathúil dhíolacháin (USP) chun an bhagairt iomaíoch ó ghnólachtaí domhanda a shárú.<br><br>Is féidir féachaint ar dhomhandú mar bhagairt do gheilleagar na hÉireann. Má tá Éire neamhiomaíoch, tiocfaidh meath ar thionscail intíre na tíre de dheasca iompórtálacha earraí agus seirbhísí níos saoire a tháirgtear go hidirnáisiúnta.<br><br>Aisdúichiú brabúis / dúnadh gnó / tionchar ar Chomhardú na nÍocaíochtaí / barainneachtaí scála. | |

<table>
<tr><th colspan="3">Ceist</th><th>Freagra Féideartha</th><th>Uasmharc</th></tr>
<tr><td>3</td><td>B</td><td></td><td>Déan cur síos ar phróiseas na reachtaíochta laistigh den Aontas Eorpach.<br><br>Is é an Coimisiún Eorpach comhlacht feidhmiúcháin an AE. Is é an comhlacht atá freagrach as reachtaíocht a mholadh. etc.<br><br>Déantar plé ar na tograí sin i bParlaimint na hEorpa ina dhiaidh sin agus is féidir leasuithe ar an reachtaíocht a chur ar aghaidh. Bíonn easnamh daonlathach ann, áfach, toisc nach ndéanann Parlaimint na hEorpa reachtaíocht a thionscnamh ná a rith léi féin. etc.<br><br>De ghnáth, is í Comhairle an Aontais Eorpaigh a dhéanann cinntí. Déanann sí cinneadh ar reachtaíocht a dhréachtaíonn an Coimisiún Eorpach agus a phléann Parlaimint na hEorpa. Príomhchomhlacht cinnteoireachta an AE is ea an Chomhairle. etc.<br><br>A luaithe a ritheann Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Pharlaimint reachtaíocht, tá sé de fhreagracht ar an gCoimisiún a chinntiú go gcuirtear chun feidhme í. Rialacháin / Treoracha / Cinntí. etc.<br><br>Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinntí / reachtaíocht a bhreithniú. Léirmhíníonn an Chúirt Bhreithiúnais dlí an AE chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm é ar an mbealach céanna i ngach tír san AE. etc.</td><td>20</td></tr>
<tr><td>3</td><td>C</td><td><br><br><br><br><br><br>i</td><td>Déan measúnú ar an tionchar atá ag aon dá cheann de na beartais seo a leanas de chuid an AE ar ghnóthais Éireannacha:<br>(i) Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta na hEorpa (EMU)<br>(ii) Beartas Iomaíochta an Aontais Eorpaigh;<br>(iii) Cairt Shóisialta na hEorpa.<br><br>Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta na hEorpa (EMU)<br>Áirítear iad seo a leanas le freagraí samplacha:<br>Is iad na príomhbhuntáistí a mheastar a bheith ag baint leis an Aontas Airgeadaíochta ná laghdú ar chostais bheartaíochta agus deireadh le hathruithe díchobhsaitheacha airgeadra san Eoraip. D’fhéadfadh go mbeadh deireadh na gcostas beartaíochta sin chun tairbhe tíre cosúil le hÉirinn, a n-easpórtálann a cuid gnóthas méid suntasach dá n-aschur chuig an Aontas Eorpach.<br>Tarraingíonn airgeadra aonair aird ar dhifreálaigh phraghais. Agus iad ag foinsiú amhábhair agus comhpháirteanna, is féidir le gnóthais na margaí is fearr ar fud an AE a aithint go héasca.<br><br>Tá beartas airgeadaíochta i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach, rud a dhíríonn ar chobhsaíocht phraghais. Áirítear leis sin rátaí úis a shocrú do Limistéar an Euro. Agus na rátaí úis is ísle riamh socraithe ag an mBanc Ceannais Eorpach le déanaí, éascaítear leathnú gnó agus infheistíocht ghnó.<br><br>Meallann comhairgeadra na hÉireann infheistíocht dhíreach eachtrach toisc nach mbíonn an oiread sin maorlathais ag gabháil le trádáil laistigh de mhórmhargadh Eorpach agus toisc go mbíonn an trádáil sin réasúnta saor. Baineann tionscal dúchasach Éireannach seachthairbhí dearfacha as méaduithe ar infheistíocht dhíreach eachtrach.</td><td>20</td></tr>
</table>

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | **ii** | **Beartas Iomaíochta an Aontais Eorpaigh**<br>Áirítear iad seo a leanas le freagraí samplacha:<br><br>Bíonn an deis is fearr agus is féidir ag an tomhaltóir Éireannach earraí agus seirbhísí ardchaighdeáin a fháil, i.e. iomaíocht a bheith ann i measc soláthraithe.<br><br>Cuireann sé srian ar ghnóthais Éireannacha cairtéil fhrithiomaíocha a bhunú, praghsanna a choinneáil ard gan bhunús nó cosc a chur ar ghnóthais nua dul isteach sa mhargadh. Rialaíonn sé fás mórchumasc agus mór-tháthcheangal agus cinntítear dá bharr go n-oibríonn gnóthais Éireannacha ar bhonn cothrom agus go mbaineann tomhaltóirí tairbhe as sin.<br><br>Ní fhéadfaidh gnólachtaí móra a gcumhacht mhargála a úsáid chun coinníollacha a fhorchur ar ghnólachtaí beaga, coinníollacha a d’fhágfadh go mbeadh sé doiligh don soláthraí gnó a dhéanamh le hiomaitheoirí an ghnólachta mhóir.<br><br>Féadfaidh an Coimisiún Eorpach fíneálacha a ghearradh ar chuideachtaí mar gheall ar gach ceann de na cleachtais sin agus déanann sé amhlaidh. | |
| | | **iii** | **Cairt Shóisialta na hEorpa**<br><br>Áirítear iad seo a leanas le freagraí samplacha:<br><br>Leagtar amach i gCairt Shóisialta an AE bunphrionsabail a théann i bhfeidhm ar ghnóthais Éireannacha:<br><br>Saorghluaiseacht Saothair. Tá sé de cheart ag oibrithe imirceadh go saor, rud atá chun tairbhe fostóirí ó thaobh earcú agus roghnú de.<br><br>Tá sé de cheart ag fostaithe pá cothrom a bheith acu. Méadaítear costais don lucht gnó nuair a shocraítear leibhéal an íosphá.<br><br>Cuireadh go mór le scileanna an lucht saothair mar gheall ar an tiomantas atá ann do ghairmoiliúint a chur ar fáil trí chúnamh deontais, rud atá chun tairbhe gnóthais Éireannacha.<br><br>Leis na gnéithe cosanta sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre den chairt, cuireadh ceangal ar fhostóirí dálaí sláinte agus sábháilteachta a fheabhsú san ionad oibre.<br><br>**Measúnú ag teastáil i ngach cás** | |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 4 | A | | **ROINN 3**<br>**Cuid 2**<br><br>Déan cur síos ar na feidhmeanna atá ag na cruinnithe éagsúla a bhíonn ag cuideachtaí teoranta.<br><br>**Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB)**<br>Cruinniú a eagraítear uair amháin sa bhliain agus a bhfreastalaíonn stiúrthóirí agus scairshealbhóirí na cuideachta air is ea seo. Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an CGB:<br>- Toghann na scairshealbhóirí bord stiúrthóirí.<br>- Ceapann na scairshealbhóirí iniúchóirí.<br>- Tugann an cathaoirleach tuairisc ar fheidhmíocht na cuideachta.<br>- Cuirtear na cuntais i láthair i dtuarascáil an iniúchóra.<br>- Tá deis ag scairshealbhóirí ceisteanna a chur go poiblí ar stiúrthóirí maidir le beartas na cuideachta.<br>- Dearbhaítear díbhinn<br><br>**Cruinniú Ginearálta Urghnách (CGU)**<br>Cruinniú scairshealbhóirí agus stiúrthóirí na cuideachta is ea seo, rud a eagraítear nuair a thagann ábhar aníos a bhíonn chomh tábhachtach sin nach féidir leis an ngnólacht fanacht go dtí go mbíonn an chéad CGB eile ar siúl chun dul i ngleic leis. Ní dhéantar plé ar aon ábhar eile ag an gcruinniú.<br><br>**Cruinnithe Boird**<br>Cruinnithe de chuid an bhoird stiúrthóirí iad seo agus eagraítear iad ar bhonn míosúil de ghnáth. Déantar plé ar dhul chun cinn agus ar fheidhmíocht agus cuirtear pleananna oirbheartaíochta agus straitéiseacha le chéile. Príomhfheidhm na gcruinnithe boird is ea réiteach fadhbanna.<br><br>**Cruinniú Reachtúil**<br>An chéad chruinniú de chuid scairshealbhóirí cuideachta is ea seo. Is é an cuspóir atá leis ná eolas a thabhairt do scairshealbhóirí faoi ghnóthaí na cuideachta. Ní eagraítear cruinniú reachtúil ach uair amháin le linn shaol iomlán na cuideachta. Reáchtálann gach cuideachta theoranta cruinniú reachtúil. Ba cheart an cruinniú a thionól laistigh den tréimhse fhorordaithe a leagtar síos i reacht na cuideachta.<br><br>**Cruinniú Ad Hoc**<br>Cruinniú a thionóltar ar gearrfhógra chun plé a dhéanamh ar ábhar ar gá dul i ngleic leis tar éis dó teacht chun cinn gan choinne. | 20 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 4 | B | | Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le forbairtí sa teicneolaíocht do chumarsáid ghnó.<br><br>Má theastaíonn uait labhairt le fostaí atá ag taisteal i dtír eile nó má theastaíonn uait labhairt le soláthraí atá lonnaithe sa chuid eile den domhan, cuireann teicneolaíocht ar nós **ríomhphoist agus teachtaireachtaí téacs** ar do chumas é sin a dhéanamh láithreach. Is féidir teachtaireachtaí práinneacha a chur in iúl go tapa agus go héifeachtach trí theicneolaíochtaí éagsúla a úsáid, Skype agus teicneolaíocht fóin chliste ina measc.<br><br>Déanann **EDI (idirmhalartú leictreonach sonraí)** cumarsáid a éascú go mór i margadh domhanda. Is féidir aistriú doiciméad, ordú uathoibrithe stoc, sonraí ar fhigiúirí trádála, etc. a tharchur ar fud an domhain laistigh de chúpla soicind.<br><br>Rinne líonraí gairmiúla amhail **LinkedIn** bunathrú ar an dóigh a ndéanann an lucht gnó cumarsáid le chéile..<br><br>Rinne an tIdirlíon, lena n-áirítear **suíomhanna líonraithe shóisialta** cosúil le Facebook agus líonraí gnó cosúil le LinkedIn, éascú ar mhargaíocht dhomhanda na gcuideachtaí.<br><br>Bhí deis ag an ríomhthráchtáil dhomhanda teacht i dtreis mar gheall ar fhógraíocht líonra, ar **shuíomhanna Gréasáin** cuideachtaí agus ar íocaíocht leictreonach,.<br><br>Cuireann **córais Inlín** nó **Líonraí Achair Logánta (LANanna)** ar chumas fostaithe san eagraíocht cumarsáid a dhéanamh le chéile ar bhealach atá i bhfad níos éifeachtúla. Is féidir comhaid a sheoladh go tapa agus coinnítear páipéarachas chomh híseal agus is féidir.<br><br>Ní gá d'oibrithe bheith ar an láthair a thuilleadh chun gur féidir leo cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil le chéile. A bhuí le Skype agus le **cruinnithe fíorúla/físchomhdháil**, is féidir le hoibrithe tairbhe a bhaint as fleisc-am, bheith ag obair as an mbaile agus cumarsáid a dhéanamh le chéile, rud a laghdaíonn na costais a bhaineann le cruinnithe beo.<br><br>Rinne **CAD (Dearadh Ríomhchuidithe)** athrú ollmhór ar an bpróiseas dearaidh, á dhéanamh níos éasca agus níos tapa chun táirgí nua a fhorbairt, agus ag ligean do chuideachtaí freagairt go tapa d'iarratais agus do riachtanais custaiméirí. Fágann sé gur féidir dearaí a shábháil, a athrú agus a athmhúnlú gan ghá le tosú arís as an nua. Is féidir leis leagan tríthoiseach de líníocht a léiriú agus é a rothlú chun cúl agus taobhanna a léiriú. Is féidir táirge a dearadh i dtír amháin a sheoladh go leictreonach chuig tír eile lena mhionleasú ag dearthóirí áitiúla chun é a chur in oiriúint don chultúr áitiúil.<br><br>Baineann **ISDN (Líonra Digiteach de Sheirbhísí Comhtháite)** úsáid as línte teileafóin chun faisnéis dhigiteach a chur in iúl, a tharchur agus a fháil.<br>Mar gheall ar aistriú comhad, teilea-oibriú, físchomhdháil, ríomhphost, etc. is féidir faisnéis thábhachtach a aistriú chuig áit ar bith ar domhan. Cabhraíonn sé sin go mór le pleanáil bainistíochta, le heagrúchán agus le rialú agus éascaíonn sé cinnteoireacht éifeachtach.<br><br>**Uathchórais rialaithe stoic / teicneolaíocht dearaidh / Róbataic**<br>Baintear leas as teicneolaíocht chun sonraí gnó a láimhseáil, a anailísiu agus a chur in iúl. | 20 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **4** | **C** | | Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna éagsúla in ordlathas na riachtanas ag Maslow **agus** léirigh conas a chuireann 3 Thoise Teo. an teoiric sin i bhfeidhm chun a gcuid fostaithe a spreagadh.<br><br>Chuir Maslow teoiric inspreagtha ar aghaidh a bhí bunaithe ar 5 leibhéal de bhunriachtanais an duine nach mór a shásamh in ord seichimh, ó na riachtanais is ísle go dtí na riachtanais is airde: De réir mar a fhreastalaítear ar riachtanas amháin, déantar an t-ábhar ceannasach inspreagtha den riachtanas díreach os a chionn ar an bpirimid. Is iad seo a leanas na riachtanais sin in ord **ardaitheach**:<br><br>1. An gá le Bia / Foscadh (Riachtanais Fhisiciúla)<br>2. An gá le Slándáil agus le hintuarthacht. (Riachtanais sábháilteachta / slándála)<br>3. An gá le grá agus le cairdeas. (Riachtanais Shóisialta / Inghlacthacht)<br>4. An gá le stádas, le meas agus le léirthuiscint daoine eile. (Riachtanais urraime)<br>5. An gá le lánchumas duine a fhíorú. (Riachtanais féinachtála)<br><br>*Riachtanais Fhisiciúla*. Is féidir le bainisteoir a chuid oibrithe a spreagadh trí chinnte a dhéanamh go bhfaigheann siad pá féaráilte, bónais agus scéimeanna roinnte brabúis ionas go mbeifear in ann na riachtanais fhisiciúla i dtaca le bia, éadaí, foscadh, etc. a bhaint amach.<br>*Tairgeann 3 Thoise Teo. 'tuarastail iomaíocha dá gcuid fostaithe'*<br><br>*Riachtanais Sábháilteachta*. Is féidir le bainisteoirí a chuid fostaithe a chur ar a suaimhneas ach na nithe seo a leanas a dhéanamh:<br>o Conarthaí fadtéarmacha fostaíochta a thairiscint.<br>o Scrúduithe leighis a thabhairt saor in aisce.<br>o Oibrithe a chur ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta.<br>o Timpeallacht shábháilte oibre a chur ar fáil, e.g. spéaclaí cosanta, buataisí, lámhainní, hataí crua,<br>casóga ard-infheictheachta d'oibrithe tógála.<br>*Cuireann 3 Thoise Teo. 'timpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil' ar fáil*<br><br>*Riachtanais Shóisialta*. Is féidir freastal ar riachtanais shóisialta fostaithe trí fhleisc-am a chur ar fáil a ligeann do na fosaithe níos mó ama a chaitheamh lena dteaghlaigh. Is féidir le hobair bhuíne agus le himeachtaí sóisialta cabhrú le hoibrithe cairdeas agus caidrimh nua a chruthú.<br>*Tionólann 3 Thoise Teo. 'cruinnithe foirne go seachtainiúil agus mar thoradh air sin mothaíonn na hoibrithe gur mó an bhaint atá acu leis an gcuideachta'.*<br><br>*Riachtanais Urraime*. Is féidir le bainisteoirí freastal ar riachtanais urraime lucht na n-oibrithe trí mholadh, trí luaíochtaí ar nós teideal nua poist nó trí oifig mhealltach a thairiscint.<br>*Tugann 3 Thoise Teo. 'aitheantas don méid a bhaineann na hoibrithe amach agus cúitíonn siad sin leo'.*<br><br>*Riachtanais Féinachtála*. Is féidir leis an lucht bainistíochta plean gairme, deiseanna oiliúna agus forbartha, cumasú agus ardú céime go dtí poist freagrachta a thairiscint.<br>*Tugann 3 Thoise Teo. 'deiseanna don fhoireann scileanna nua a fhorbairt agus dúshláin nua a fhreagairt'.* | 20 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **5** | **A** | | Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas agus tabhair breac-chuntas ar na céimeanna sa phróiseas 'earcú agus roghnú':<br>i. Earcú Seachtrach agus Inmheánach;<br>ii. Jabthuairisc agus Duineshonrú;<br>iii. Agallamh le haghaidh poist. | 25 |
| | | **i** | **Earcú Seachtrach agus Inmheánach**<br><br><u>Earcú Seachtrach:</u><br>Tugann an ceapaí seachtrach dearcadh nua úr leis sa ghnó.<br>D'fhéadfadh gur ag an bhfostaí nua a bheadh scileanna agus taithí a theastaíonn ón ngnó, scileanna agus taithí nach bhfuil ag an bhfoireann reatha.<br>Seachnaítear costais oiliúna toisc go bhféadfadh na scileanna a theastaíonn a bheith ag an gceapaí seachtrach cheana féin.<br>Naisc le coláistí oideachais, a sholáthraíonn foireann a bhfuil saineolas acu chun freastal ar riachtanais ghnó.<br><br><u>Earcú Inmheánach</u><br>Bíonn cur amach ag an bhfostaí ar chultúr, ar bheartais agus ar chleachtais oibre an ghnólachta.<br>Laghdaítear costais oiliúna agus fógraíochta.<br>Tagann feabhas ar inspreagadh san ionad oibre toisc go n-aithníonn fostaithe go mbeidh deiseanna ann de réir mar a thagann folúntais níos airde sa slabhra ceannais chun cinn.<br>Ní bhíonn aon daoine nua, aon smaointe nua ann.<br>D'fhéadfadh nach mbeadh an duine ab fhearr don phost ag obair leis an ngnó cheana féin.<br>Is féidir le hardú céime ó laistigh den ghnó drochthionchar a imirt ar leibhéil chomhair idir fostaithe. | |
| | | **ii** | **Jabthuairisc**<br>Leagtar amach i jabthuairisc cuspóir an phoist, an áit a bhfuil an jab sa struchtúr eagrúcháin, príomhchúraimí agus príomhfhreagrachtaí an jab agus na príomhdhualgais atá le comhlíonadh. Sainmhínítear sa jabthuairisc an áit a bhfuil an jab suite sa struchtúr eagrúcháin agus cé dó a dtugann gach ball foirne tuairisc. Soláthraítear sa jabthuairisc faisnéis ríthábhachtach d'earcaigh fhéideartha agus cruthaítear inti an fhaisnéis is gá chun an cineál ceart duine a earcú don jab.<br><br>**Duineshonrú**<br>Leagtar amach i nduineshonrú an cineál cáilíochtaí, scileanna, taithí agus tréithe pearsanta ba cheart a bheith ag iarrthóir rathúil. Tagraítear ann don duine seachas an jab agus bíonn sé úsáideach nuair a bhíonn iarratasóirí á gcur i gcomparáid le chéile agus nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar a oiriúnaí atá siad don phost. | |
| | | **iii** | **Agallamh le haghaidh Poist**<br>Baintear úsáid as an agallamh le haghaidh poist chun a chinneadh an gcomhlánaíonn an t-iarrthóir an post agus a mhalairt. Is é is agallamh le haghaidh poist ann ná próiseas trína ndéanann fostóir measúnú ar dhuine maidir lena fhostaíocht fhéideartha sa chuideachta.<br>Is é an aidhm atá leis an bpróiseas ná cinneadh a dhéanamh ar chumas an iarrthóra an post a dhéanamh, réiteach go maith le fostaithe eile, obair a dhéanamh i bhfoirne agus rannchuidiú a dhéanamh leis an ngnó ar bhealach éifeachtach nuálach. Is i bhfoirm painéal agallaimh a dhéantar agallaimh go ginearálta, áit a gcuireann roinnt agallóirí duine amháin faoi agallamh. | |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **5** | **B** | | Tógadh na figiúirí seo a leanas as cuntais deiridh Lasair Teo. do 2013. | 20 |

| **Lasair Teo.** | 2013 |
|---|---|
| | **€** |
| Scairchaipiteal Údaraithe | **900,000** |
| Scairchaipiteal Eisithe | **450,000** |
| Iasacht Fhadtéarmach | **200,000** |
| Tuilleamh Coimeádta | **150,000** |

**i** Mínigh an téarma 'Cóimheas Fiachais/Cothromais'.

Anailís ar struchtúr caipitil an ghnó is ea an cóimheas fiachais/cothromais. Tugtar le fios ann cén sciar den chaipiteal atá comhdhéanta d'iasachtaí fadtéarmacha agus cén sciar den chaipiteal atá comhdhéanta de chúlchistí agus de ghnáth-scairchaipiteal eisithe.

**ii** Ríomh an Cóimheas Fiachais/Cothromais do 2013. **Taispeáin do chuid oibrithe.**

Fiachas:Cothromas
200,000 : 450,000 + 150,000
200,000 : 600,000
.33 : 1

**iii** Déan plé ar an tábhacht a bhaineann leis an gCóimheas Fiachais/Cothromais nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le foinsí nua airgeadais do Lasair Teo.

Cuideachta ísealghiaráilte is ea Lasair Teo. Ciallaíonn sé sin gur i bhfoirm scairchaipitil a sholáthair úinéirí na cuideachta formhór an chaipitil agus tuilleamh coimeádta. Is féidir le Lasair tuilleadh caipitil a ghnóthú trí scaireanna a dhíol suas go dtí teorainn €450,000 (Údaraithe – Eisithe).

Ós rud é nach bhfuil barraíocht iasachtaí acu cheana féin toisc go bhfuil siad ísealghiaráilte, d'fhéadfadh Lasair Teo. airgeadas a ghnóthú trí iasachtaí breise.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **5** | **C** | | Mínigh a bhfuil i gceist le bheith 'faoi thearc-árachas' **agus** tabhair breac-chuntas ar iarmhairt **amháin** a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar ghnólacht. | 15 |

Agus é **faoi thearc-árachas,** níl dóthain clúdach árachais ag an ngnólacht. Teipeann ar an árachaí árachas a fháil do luach iomlán an pholasaí. Sa chás go ndéantar éileamh i gcomhair lánchaillteanais nó páirtchaillteanais, is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar bheith faoi thearc-árachas ná caillteanais eacnamaíocha do shealbhóir an pholasaí toisc gur mhó an t-éileamh ná an méid uasta a d'fhéadfaí íoc amach faoin bpolasaí árachais.

Is é an buntáiste a bhaineann le bheith faoi thearc-árachas ná na préimheanna níos ísle a íocann sealbhóir an pholasaí. Mar thoradh ar an árachas a bheith neamh-leordhóthánach, áfach, beidh na caillteanais a thiocfaidh as éileamh i bhfad níos airde ná an coigilteas a baineadh amach.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar ghnólacht:**<br>Ag brath ar an tsócmhainn atá faoi árachas, d'fhéadfadh tearc-árachas géarchéim thromchúiseach airgeadais a chruthú sa ghnólacht. Mar shampla, más rud é go bhfuil foirgneamh árachaithe do €300,000 agus go scriostar é ina dhiaidh sin de bharr tine agus go mbainfidh costas €500,000 leis an bhfoirgneamh a athsholáthar, beidh ar an ngnó a acmhainní féin a úsáid chun íoc as an difríocht €200,000.<br><br>Toisc na préimheanna a bheith níos ísle, laghdófar costais an ghnólachta agus, dá bharr sin, méadófar brabús. D'fhéadfadh go mbeadh sé beartaithe bheith faoi thearc-árachas, agus eolas iomlán ag an ngnólacht ar an riosca a ghabhann leis. Mar sin féin, d'fhéadfadh gur mhó na caillteanais a thiocfadh as éileamh ná aon choigilteas beag a dhéanfaí amach ar phréimheanna árachais.<br>D'fhéadfadh nach mbeadh sé beartaithe bheith faoi thearc-árachas. Ba cheart do ghnóthais an clúdach atá acu a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta gach bliain (e.g. d'fhéadfadh go mbeadh méadú ar luach an stoic mar gheall ar an mboilsciú). | |
| **6** | | | Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.<br><br>Is dearthóir gúnaí pósta í Sorcha Pléimeann agus tá sí ag obair le breis agus 20 bliain i dtionscal na brídeoige agus na n-éadaí. Is speisialtóir í maidir le gúnaí pósta atá uathúil a chruthú agus leagann sí béim ar sheirbhís phearsanta. Tá an gnó ag déanamh go maith agus tá Sorcha tar éis iarratas a dhéanamh ar iasacht bhainc €10,000 chun leathnú an ghnó a mhaoiniú. | 25 |
| | **A** | **i** | Ainmnigh an cineál próiseas táirgeachta atá in úsáid ag Sorcha.<br><br>**Jabtháirgeacht** | |
| | | **ii** | Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhúshlán do Shorcha a bhaineann leis an gcineál seo táirgeachta.<br>Teastaíonn saothar ardoilte ón táirge lena mbaineann i.e. gúna pósta dearthóra. Beidh ar Shorcha leanúint lena forbairt ghairmiúil chun coinneáil cothrom le dáta le teicnící nua táirgeachta, le forbairtí TF agus le hathruithe ar chúrsaí faisin agus stíle.<br><br>Má fhostaítear lucht saothair ardoilte, beidh bille pá níos airde ann. Tá an cineál seo oibre an-dian ar shaothar agus tiocfaidh méadú ar chostais reatha an ghnó de bharr na n-ardtuarastal.<br><br>Bíonn amhábhair, trealamh, uirlisí agus innealra costasach i gcás an chineáil seo saintáirgeachta. Ina theannta sin, is oibríocht ar mhionscála é den chuid is mó agus ní bhaineann sé tairbhe as barainneachtaí scála. Is próiseas an-mhall é seo.<br><br>Ní mór caighdeáin cháilíochta an-ard a bheith i bhfeidhm**.** Ní féidir aon earráid a dhéanamh. Beidh sé riachtanach an locht is lú ar an táirge a cheartú ar bhealach éifeachtúil chun nach gcaillfear an díolachán agus chun nach ndéanfar damáiste do cháil an ghnó.<br><br>Táirgeacht aonuaire ar ordú sonrach. Mura mbíonn an custaiméir ábalta íoc (má thiteann sé/sí i bhféimheacht), seans go mbeidh sé doiligh ceannaitheoir eile a fháil. | |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | **iii** | Déan plé ar **dhá** impleacht a bheadh ann do Shorcha dá n-athródh sí go dtí próiseas táirgeachta de chineál eile.<br><br>Próisis an-uathoibrithe táirgeachta is ea baisctháirgeacht agus sreabhtháirgeacht (olltáirgeacht) araon. Beidh gá le hinfheistíocht shuntasach a dhéanamh in innealra, i dtrealamh, i TF agus in áitreabh, etc.<br><br>Beidh airgeadas ag teastáil chun an infheistíocht is gá a sholáthar. Beidh ar Shorcha féachaint go cúramach ar na roghanna airgeadais atá aici. An leor na cúlchistí atá aici? Mura leor, beidh gá le hiasachtaí fadtéarmacha a fhoinsiú i gcomhair infheistíocht chaipitil agus airgeadais i gcomhair riachtanais mhéadaithe chaipiteal oibre.<br><br>Beidh ar Shorcha machnamh a dhéanamh ar an struchtúr úinéireachta agus d'fhéadfadh go mbeadh uirthi an gnó a athrú ina chuideachta phríobháideach theoranta chun gur féidir léi airgeadas a ardú trí scaireanna a dhíol agus tairbhe a bhaint as dliteanas teoranta. Cailltear rialú ar an ngnó dá bharr.<br><br>Ní bheidh Sorcha ag déanamh earraí ar ordú a thuilleadh. Beidh sí ag cruthú earraí le haghaidh stoic. Beidh gá leis an gcóras rialaithe stoic a fhorbairt, rud as a dtiocfaidh méadú ar chostais. Beidh gá le plean margaíochta a chur chun feidhme. | |
| **6** | **B** | | Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc a d'fhéadfadh banc Shorcha a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu ar a hiarratas ar iasacht.<br><br><u>Creidiúnacht</u>.<br>Féachfaidh an banc ar a stair creidmheasa agus ar an gcuntas atá aici maidir le hiasachtaí roimhe a aisíoc. Déanfaidh aon drochfhiachas roimhe seo dochar dá hiarratas ar iasacht.<br><u>Cumas / acmhainn chun an iasacht a aisíoc / Plean Gnó</u><br>Beifear ag súil go soláthróidh Sorcha plean gnó ina leagfar amach a stair thrádála agus treochtaí tuartha brabúis don ghearrthéarma agus don mheántéarma. Brabúsacht / leachtacht / giaráil.<br><u>Méid / cuspóir na hiasachta / Tréimhse ama don iasacht</u><br>De réir mar a mhéadaíonn an méid iasachta a theastaíonn, is amhlaidh is rioscúla a bheidh sé don bhanc ó thaobh mainneachtana de. D'fhéadfaí difear a dhéanamh don iarratas ar iasacht dá bharr. Ina theannta sin, beifear ag súil go n-úsáidfear an iasacht atá á hiarraidh chun críoch tháirgiúil e.g. leathnú gnó.<br><u>Infhaighteacht Urrúis</u><br>Beidh gá le sócmhainn luachmhar ar nós áitribh a úsáid mar chomhthaobhacht don iasacht. I gcás mainneachtana, beidh an banc in ann an tsócmhainn a dhíol chun an iasacht a thug sé a aisghabháil.<br><u>Leibhéal a hinfheistíochta féin / Deontais</u> | 15 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **6** | **C** | **i** | Mínigh an téarma ‘airgeadas gearrthéarma.’<br>Airgeadas é airgeadas gearrthéarma atá ar fáil ar feadh tréimhse suas le bliain amháin. Ba cheart é a bheith aisíoctha laistigh de dhá mhí dhéag agus ba cheart é a úsáid chun freastal ar riachtanais ghearrthéarma. | 20 |
| | | **ii** | Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhoinse d'airgeadas ghearrthéarma a d’fhéadfadh Sorcha a chur san áireamh chun a cuid riachtanas ó thaobh caipiteal oibre de a shásamh.<br><br><u>Rótharraingt Bhainc:</u> Is ionann rótharraingt bhainc agus saoráid a chuireann banc ar fáil a ligeann do shealbhóirí cuntas reatha níos mó airgid a aistarraingt óna gcuntas ná mar atá acu sa chuntas féin. Gearrtar ús ar an iarmhéid amuigh ar bhonn laethúil. Is féidir leis an mbanc é seo a aisghairm ag am ar bith**.** D’fhéadfadh Sorcha leas a bhaint as saoráid rótharraingthe chun stoc a cheannach nó chun pá na mball páirtaimseartha foirne a íoc.<br><br><u>Costais Fhabhraithe:</u> Cuireann an fhoinse maoinithe seo airgead ar fáil trí mhoill a chur ar íocaíocht billí rialta, amhail fóntais, cíos nó árachas**.** D’fhágfadh sé sin go mbeadh airgead ar fáil ag Sorcha chun íoc as soláthairtí. D’fhéadfaí na soláthairtí sin a dhíol agus na billí sin a íoc níos déanaí.<br><br><u>Creidmheas Trádála:</u> Is féidir le Sorcha stoc a cheannach le haghaidh athdhíola trí nithe “a cheannach anois agus íoc astu níos déanaí”. D’fhéadfadh go mbeadh an méid creidmheasa atá ar fáil ag brath ar an gcáil atá uirthi agus ar a creidiúnacht. Ní bhíonn aon chostas díreach air, ach d’fhéadfaí lascainí airgid thirim a chailleadh má roghnaíonn Sorcha amhábhair agus stoc a cheannach ar creidmheas.<br><br><u>Fachtóireacht Fiachais/Iasacht Ghearrthéarmach ó chomhar</u> <u>creidmheasa</u>:….. | |
| **7** | | | Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.<br><br>Is fiontraí í Maria Ní Nuadhain agus is léi Bianna Ciallmhara Teo. Tá sé i gceist ag an gcuideachta nua seo réimse de tháirgí milseogra ar bheagán calraí a dhéanamh. Meallfar tomhaltóirí i dtús báire le tairiscintí speisialta. Ina theannta sin, beidh siad á lua go minic ar an raidió náisiúnta agus áitiúil. Thoiligh *Goodbuys,* sraith ollmhargaí mór le rá, na táirgí a stocáil, agus dáilfidh mórdhíoltóirí iad ar shiopaí beaga neamhspleácha. | 25 |
| **7** | **A** | | Déan measúnú ar an ról atá ag ‘fógraíocht’ **agus** ag ‘tionscnamh (cur chun cinn) díolachán’ mar ghnéithe den mheascadh tionscnaimh atá ag Bianna Ciallmhara Teo.<br><br><u>Fógraíocht</u>: Is é an cuspóir atá le fógraíocht ná eolas a thabhairt don mhargadh go bhfuil táirge á dhíol ag an ngnó agus a chur ina luí ar dhuine an táirge sin a cheannach.<br><br>Baineann Bianna Ciallmhara Teo. leas as fógraíocht chun eolas a thabhairt do chustaiméirí reatha agus do chustaiméirí a d’fhéadfadh a bheith acu amach anseo faoi na táirgí atá ar tairiscint agus spéis na gcustaiméirí sin a mhealladh sna hearraí a cheannach. | |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | | Tugann fógraíocht eolas do chustaiméirí faoin táirge agus faoina thréithe, cuireann sí iad ina luí ar chustaiméirí agus cuireann sí iad i gcuimhne dóibh. Cuireann fógraíocht teachtaireacht in iúl d'fhonn custaiméirí a dhíriú i dtreo táirge nó seirbhís ar leith.<br><br>Beidh an meán a úsáidfear ag brath ar an deighleog mhargaidh, ar an gcineál táirge nó seirbhíse, ar an teachtaireacht agus ar an gcost-éifeachtúlacht lena mbaineann.<br><br>Tá siad i gceist ag Bianna Ciallmhara Teo**.** go mbeidh siad "á lua go minic ar an raidió náisiúnta agus áitiúil". Agus 3 mhilliún duine fásta ag éisteacht leis an raidió ar feadh 4 huaire ar an meán gach lá, cuirfidh an chuideachta leis an bhfeasacht ar a mbranda agus meallfaidh siad a bonn custaiméirí ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta agus í ag fás.<br><br>**Measúnú ag teastáil anseo**<br><br>Is é is <u>Tionscnamh (Cur Chun Cinn) Díolachán</u> ann ná úsáid dreasachtaí gearrthéarmacha / "gimicí" chun custaiméirí a mhealladh i dtreo an táirge nó na seirbhísí atá ar tairiscint. Is é atá i gceist leis ná gníomhaíochtaí nach fógraíocht dhíreach iad. Cuireann sé lena tharraingtí atá an táirge.<br><br>Bíonn sé úsáideach maidir le díolacháin a spreagadh tríd an méid seo a leanas a thairiscint do chustaiméirí: laghduithe praghais, ceannaigh ceann, faigh ceann in aisce, cúpóin, samplaí, duaiseanna, duaistarraingtí in aisce, taispeántais sa siopa, etc. nó aon dreasachtaí eile a bhaineann go díreach leis an táirge.<br><br>Is é an aidhm atá leis ná custaiméirí nua a mhealladh i dtreo an táirge, luach saothair a thabhairt do chustaiméirí dílse agus minicíocht cheannacháin a mhéadú i measc tomhaltóirí ócáideacha.<br><br>Baineann roinnt teagmhála idir an custaiméir agus an díoltóir le teicnící tionscnamh díolachán. Maireann sé ar feadh tréimhse ghearr ama agus is féidir é a dhéanamh arís níos déanaí. Cabhróidh sé le Bianna Ciallmhara Teo. a sciar den mhargadh a choinneáil. Bíonn tionscnamh díolachán níos saoire ná fógraíocht agus d'fhéadfadh go mbeadh sé tarraingteach do chuideachta nua amhail Bianna Ciallmhara Teo. dá bharr.<br><br>Bianna Ciallmhara Teo**.** Bíonn "tairiscintí speisialta" á soláthar ag an gcuideachta.<br><br>**Measúnú ag teastáil anseo** | |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 7 | B | i | Déan cur síos ar **dhá** thoisc ba chóir do Bhianna Ciallmhara Teo. a chur san áireamh agus iad ag roghnú bealach oiriúnach chun a gcuid táirgí a dháileadh.<br><br>**Costas**<br>De réir mar a mhéadaíonn líon na gcéimeanna sa bhealach dáileachái smhlaidhsostasaí a bheidh an táirge don tomhaltóir mar go n-éileoidh meáncheannaí corrlach / uasmharcáil dá c(h)uid féin.<br>D'fhéadfadh go nndéanfadh Bianna Ciallmhara Teo. costais a choinneáil íseal trí tháirgí a dhíol go díreach le *Goodbuys*. Díolann siad táirgí ar líne freisin.<br><br>**Cineál an táirge atá á dhíol / marthanacht an táirge / íomhá an táirge**<br>Réimse de tháirgí milseogra ar bheagán calraí, d'fhéadfadh go n-áireofaí leo cácaí a bhféadfadh seilfré ghearr a bheith acu. Má mhargaítear é mar tháirge do dhaoine a mbíonn airdeallach faoina sláinte, d'fhéadfadh go ndíolfadh Bianna Ciallmhara Teo an táirge i gcógaslann nó le siopa sláinte (i.e. go díreach le siopaí neamhspleácha).<br><br>**Spriocmhargadh**<br>Beidh ar Bhianna Ciallmhara Teo. machnamh a dhéanamh ar an spriocmhargadh atá acu agus bealach a roghnú a chuirfidh ar a gcumas teacht ar an spriocmhargadh sin, is é sin, tomhaltóirí a bhíonn airdeallach faoina sláinte. Is féidir le Bianna Ciallmhara a gcuid táirgí a fhógairt agus a dhíol ar líne trí úsáid a bhaint as suíomh gréasáin cuideachta. Cuireann tomhaltóirí orduithe isteach agus seachadtar earraí trí úsáid a bhaint as an gcóras poist nó as seirbhís seachadta chúiréireachta. | 20 |
| | | ii | Tabhair breac-chuntas ar impleacht dhearfach **amháin** agus ar impleacht dhiúltach **amháin** do Bhianna Ciallmhara Teo. as sraith ollmhargaí mór le rá cosúil le *Goodbuys* a úsáid chun a gcuid táirgí a dhíol.<br><br><u>Impleachtaí dearfacha</u><br>Feachtas Náisiúnta Tionscnaimh: D'fhéadfadh go gcuirfeadh *Goodbuys* feachtas tionscnaimh chun feidhme do gach ceann dá gcuid siopaí ar fud na tíre thar ceann Bhianna Ciallmhara Teo., rud a mhéadódh bonn custaiméirí Bhianna Ciallmhara Teo.<br>Aiseolas Tomhaltóirí: D'fhéadfadh go soláthródh *Goodbuys* aiseolas do Bhianna Ciallmhara Teo. maidir le hiompar, le dearcaí agus le tuairimí tomhaltóirí i leith na dtáirgí milseogra ar bheagán calraí a chuireann Bianna Ciallmhara ar fáil. Cabhróidh sé sin leis an gcuideachta a réimse táirgí a fhorbairt.<br><br>Déanfar táirgí a dhíol agus iad úr mar gheall ar an ardláimhdeachas stoic i sraith ollmhargaí *Goodbuys*. Dá bhrí sin, ní chaillfear ach an méid is lú táirgí de dheasca iad a bheith as dáta.<br>Mórcheannaitheoir ráthaithe is ea iad...<br>Rochtain áisiúil ar na táirgí / seilfspás in áit fheiceálach.<br><br><u>Impleachtaí diúltacha</u><br>Iomaíocht: Má éiríonn leis an táirge, seans go bhforbróidh *Goodbuys* a mbranda féin chun dul san iomaíocht go díreach le Bianna Ciallmhara Teo, rud a dhéanfaidh difear do dhíolacháin agus do bhrabús Bhianna Ciallmhara.<br>Coinníollacha sriantacha: D'fhéadfadh go gcuirfeadh *Goodbuys* coinníollacha speisialta i bhfeidhm sula n-aontóidís réimse táirgí Bhianna Ciallmhara Teo. a dhíol. Mar shampla, crosadh ar Bhianna Ciallmhara Teo. a gcuid earraí a dhíol trí shiopaí iolbhrainsí eile, rud a chuirfeadh srian ar leathnú féideartha Bhianna Ciallmhara Teo.<br><br>Ach amháin sa chás gur táirgí fíornuálacha iad, bíonn sé doiligh do tháirgí nua inghlacthacht a bhaint amach in ollmhargaí móra. | |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **7** | **C** | | Déan plé ar **thrí** dhúshlán a bhíonn roimh ghnólachtaí nuathionscanta.<br><br>Airgeadas a ghnóthú agus aisíocaíochtaí iasachta a dhéanamh. Teipeann ar a lán gnólachtaí nuathionscanta agus, mar thoradh air sin, gearrann iasachtóirí ardrátaí úis orthu chun an riosca a bhaineann leo a laghdú. Baineann sé sin leis na rioscaí a ghabhann le bheith ardghiaráilte.<br><br>Ina theannta sin, is ann do chúngach creidmheasa sa timpeallacht gheilleagrach atá ann faoi láthair agus teipeann ar a lán gnóthais creidmheas ar bith a fháil.<br><br>Is minic a luaitear go mbíonn easpa airgid ar an bpríomhchúis go dteipeann ar ghnólachtaí nuathionscanta sa chéad bhliain.<br><br>Is gá struchtúr úinéireachta a chinneadh. Gabhann éilimh éagsúla le struchtúir éagsúla ó thaobh riosca, rialú, úinéireachta, dliteanais, impleachtaí cánach etc.<br><br>Is gá do ghnólacht modh cuí táirgeachta a roghnú, rud a oireann don chineál earra a bhíonn á dhéanamh agus don éileamh a d'fhéadfadh a bheith ar an táirge. Bíonn éilimh éagsúla ó thaobh uathoibriú, soláthar foirne agus stórála ann i gcás jabtháirgeachta agus baisctháirgeachta.<br><br>Margaíocht………..<br>Earcú Foirne……....<br>Iomaíocht………… | 15 |

***Déantar pointí ábhartha breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronntar marcanna de réir a bhfiúntais.***

**CRÍOCH**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán